



# Tuarascáil 2013 ar Dhul Chun Cinn chuig an Aire um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú

## Clár

1. Réamhrá, Comhthéacs agus Léargas Ginearálta
2. Polasaí Caiteachais agus Bainistíocht
3. Comhoibriú Idirnáisiúnta: Uachtaránacht an AE, Polasaí Comhtháite, Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Polasaí Aeráide
4. Gníomhaíocht an Mhargaidh Fostaíochta
5. Acmhainní Stáit
6. Athchóiriú Polaitíochta
7. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Athnuachan ar an Státseirbhís agus Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí
8. Caidreamh Tionsclaíoch agus Pá agus Pinsin Inbhuanaithe na Seirbhíse Poiblí.
9. Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus Ríomhsheirbhísí an Rialtais
10. Seirbhísí Roinnte
11. An Oifig um Sholáthar Rialtais
12. Cumas Roinne agus Rialú
13. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

## 1. Réamhrá, Comhthéacs agus Léargas Ginearálta

De réir an Acht um Bhainistíocht Seirbhís Phoiblí, 1997, ullmhaítear Ráiteas Straitéise le haghaidh tréimhse trí bliana agus cuirtear faoi bhráid gach Aire é. Ba iad dhá thosaíocht straitéiseacha [Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014](#) ná:

Caiteachas poiblí a bhainistiú ar leibhéal níos inbhuanaithe ar bhealach beartaithe, réasúnta agus cothrom agus a thacaíonn le feidhmíocht gheilleagarach na hÉireann agus dul chun cinn sóisialta, agus

Struchtúir riaracháin poiblí agus rialachais a bheith ann atá follasach, éifeachtach, cuntasach agus freagrach.

Tá an dá thosaíocht seo fite fuaite fríd a chéile. Nuair a chuirtear an clár chun athchóirithe chun cinn is amhlaidh go mbíonn caiteachas poiblí níos inbhuanaithe agus gríosáíonn bainistíocht an chaiteachais athchóiriú ann féin.

De réir an Acht um Bhainistíocht Seirbhís Phoiblí 1997 ní mór tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar dhul chun cinn maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise a chomhlíonadh.

Faoi réir Ráiteas Straitéise 2011-2014 bhí ar an Rialtas clár an-uaimhianach athruithe agus athchóirithe a chur i bhfeidhm thar thréimhse ama an-ghairid. Bhí sé seo le tarlú i dtimpeallachtnach raibh chomh dúshlánach riamh, go háirithe leis an ngá chun ár gceannas geilleagarach a fháil ar ais, chun tacú le fás geilleagarach, chun fostaíocht a chur chun tosaigh agus chun comhtháthú sóisialta a choinneáil. Leagtar amach sa Tuarascáil seo na hiarrachtaí a rinne an Roinn seo chun a gcuspóirí a bhaint amach faoin Ráiteas Straitéise chun iarracht téarnaimh an náisiúin a thacú agus a chothú.

Bliain an-tábhachtach ba ea 2013 maidir le téarnamh geilleagarach na hÉireann agus ag deireadh na bliana d'éirigh le hÉirinn imeacht as an gclár idirnáisiúnta cúnamh. Bonn bunúsach le deireadh rathúil chláir na triúrachta ba ea cobhsú an chaiteachais poiblí go leibhéal a bhí inbhuanaithe agus tacaíthe leis an ioncam is féidir leis an Rialtas a ardú. Baineadh an cuspóir dúshlánach seo amach. Baineadh an tosaíocht éigeantach náisiúnta seo amach mar gheall ar, den chuid is mó, iarrachtaí na Roinne seo, le tacaíocht ó Rannóga eile agus gníomhaíochtaí eile poiblí, thar an tréimhse ó 2011 agus tá na rudaí faoi leith atá bainteach amach leagtha i 2013 leagtha amach sa tuarascáil seo.

Bliain ollmhór ba ea 2013 maidir le cur i gcrích na Roinne ar an misean agus ar na cuspóirí a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 2011-2014. Rinneadh dul chun cinn suntasach i réimsí áirithe:

- (i) Baineadh amach spriocanna caiteachais, a léiríonn na hiarrachtaí móra le blianta beaga anuas chun an caiteachas poiblí a chur ar bhonn níos inbhuanaithe agus beartaithe, agus a cheadaíonn níos mó cinnteachta i mbainistíocht an airgeadais poiblí agus a éascaíonn dáileadh na n-acmhainní teoranta chuig réimsí ina bhféadfadh siad an tacaíocht is mó a thabhairt do sheirbhísí poiblí riachtanacha;
- (ii) Baineadh sprioc shuntasach amach ar an mbealach chuig bille níos inbhuanaithe le linn Chomhaontú Bhóthar Haddington mar a ndearna idirbheartaíocht le réimse leathan foras a rinne ionadaíocht ar fhostaithe sa tseirbhís poiblí; Éascaítear sa Chomhaontú laghdúithe i mbille tuarastail na seirbhíse poiblí agus tacaíonn sé le seachadadh na táirgeachta agus le bearta athchóirithe chun seirbhísí poiblí a fheabhsú agus a choinneáil le hacmhainní srianta;

- (iii) Céim mhór chun tosaigh ba ea Scéim Shingil Phinsin na Seirbhíse Poiblí ar cuireadh tús léi i mí Eanáir 2013 maidir leis an mbille aoisliúntais don tseirbhís phoiblí a dhéanamh iníoctha;
- (iv) Cuideoidh scéim bhreiteachta leasaithe don tseirbhís phoiblí le costais a choinneáil íseal agus cuirfear le haschurtha sa tseirbhís phoiblí dá réir;
- (v) Earcaíodh eacnamaithe ar céimithe iad isteach i Seirbhís Measúnachta Geilleagair Rialtas na hÉireann, atá á forbairt mar sheirbhís ghairmiúil tras-Rialtais ag an Roinn. Leathnaíodh an tSeirbhís sa bhliain 2013 ar fud an chuid is mó de rannóga an Rialtais.
- (vi) Ba í an Oifig um Athchóirithe agus Seachadadh sa Roinn a bhí taobh thiar de chur i bhfeidhm Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí sa tseirbhís phoiblí agus cuireadh an bhéim ba mhó ar chostais a laghdú agus ar bhearta éifeachtachta agus cuireadh tús le plean nua/dara plean Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí le haghaidh 2014-2016;
- (vii) Leagan Aonad Athchóirithe an Rialtais sa Roinn le dul chun cinn a dhéanamh ar reachtaíocht shuntasach chun ár gcreatlacht pholaitiúil a athchóiriú, chun follasacht agus cuntasacht níos fearr a mhéadú sa Rialtas agus chun cuidiú le muinín poiblí in institiúidí an Stáit;
- (viii) Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais mar oifig faoi leith sa DPER chun soláthar a chomhordú agus a chomhtháthú sa tseirbhís phoiblí ionas go mbíonn luach níos fearr ar airgead ann maidir le seirbhísí agus earraí a sholáthar; mar gheall ar chur chuige seo an Rialtais is amhlaidh go mbeidh coigiltí ann a chuideoidh le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí;
- (ix) Bunaíodh Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte mar oifig faoi leith sa DPER chun seirbhísí coitianta a tharraing le chéile do Rannóga Rialtais agus forais phoiblí eile (ar nós An Garda Síochána agus na Fórsaí Cosanta) i réimsí ar nós acmhainní daonna, bainistíocht párolla agus airgeadais; tiocfaidh barainneachtaí scála agus coigiltí costais mar thoradh air seo a chuideoidh le seirbhísí poiblí a choinneáil;
- (x) Bunaíodh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais sa DPER chun straitéis TEC a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm don tSeirbhís Phoiblí; agus
- (xi) Chuir an Roinn go mór le Straitéis Gheilleagarach Meántearma ar ghlac an Rialtas léi go mall sa bhliain 2013.

### **Straitéis Gheilleagarach Meántearma (MTES)**

De réir mar a tháinig Éire i dtreo dheireadh Chlár AE-CAI i Nollaig 2013, chuir an Roinn, an Roinn Airgeadais agus Rannóga eile an Rialtais an cháipéis faoin Straitéis Gheilleagarach Meántearma a dhréachtadh, Straitéis le haghaidh fáis. Bhain sé le tionscnaimh pholasaí a bhain leis an earnáil agus nár bhain léi a chur le chéile ar mhaithe leis an téarnamh agus ar fud réimse iomlán an Rialtais. Rinne an Rialtas measúnacht ar an MTES agus cheadaigh sé é go mall sa bhliain 2013. Leagtar amach sa MTES plean soiléir agus indéanta a bheidh ann le polasaí geilleagarach a threorú go 2020, agus beidh sé ann in áit na bpolasaithe cobhsaithe a bhí mar chúlra den Chlár AE-CAI.

## 2. Polasáí Caiteachais agus Bainistíocht

### Ráiteas Straitéise 2011-2014

- Níos mó gníomhaíochta maidir le leibhéal chaiteachais meántéarmach chun pleanáil, athchóiriú struchtúra agus seachadadh a éascú de réir spriocanna foriomlána fíoscacha.
- Dianbhainistíocht ar chaiteachas poiblí gach bliain de réir acmhainní níos lú a bheith ar fáil.
- Acmhainní leathdháilte agus aird ar thorthaí geilleagaracha agus sóisialta.
- Athchóirithe leasaithe buiséid chun cinnteacht a chur chun tosaigh maidir le leibhéal agus déantús leathan an chaiteachais phoiblí sa mheántéarma.
- Cloí leis na spriocanna sainithe i gClár Tacaíocht AE/CAI.

I dteannta leis an gclár um athchóiriú atá comhshnaidhmeach, tá bainistíocht agus baint amach creatlach inbhuanaithe caiteachais mar chroí do mhisean na Roinne. I 2013, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Rannóga eile lena chinntiú go mbainfí amach na cuspóirí a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2011-2014. Is féidir na príomhrudaí a bhain an Roinn amach a chur sna catagóirí seo a leanas:

- An próiseas measúnachta a bhainistiú, agus comhaontú Rialtais ag teacht as ar mheán caiteachais do 2014 a chuidigh leis an iarracht fhoriomlán a chomhdhlúthú chun an caiteachas a chur ar bhonn inbhuanaithe.
- Bainistíocht ar chaiteachas Vótáilte laistigh de limistéir cheadaithe.

### An Próiseas Measúnachta a Bhainistiú

D'éirigh le hÉirinn imeacht as clár na Triúrachta ag deireadh 2013. Rinne an Roinn teagmháil agus d'oibrigh leis an Triúracht ar chúrsaí caiteachais ar bhonn leanúnach agus ar an anailís a rinne sé ar thréithe caiteachais a bheadh ag teastáil le spriocanna móriomlána fíoscacha na hÉireann a chomhlíonadh. Ghlac an Roinn páirt i gcruinnithe foirmiúla ráithiúla de chuid na Triúrachta agus rinne idirbheartaíocht maidir le ráitis Athbhreithnithe deiridh agus tuarascálacha lena chinntiú go léireofaí tuairimí na hÉireann agus bhí na tuarascálacha de réir an chomhrá a tharla.

Thug an Roinn comhairle agus roghanna don Rialtas chun Buiséad 2014 a chur le chéile. Leagadh amach ann an leathdháileadh molta ar acmhainní airgeadais an Rialtais ó 2014 go 2016 i dTuarascáil Chaiteachais 2014. De réir an chláir ama nua de chuid an AE, foilsíodh Buiséad Caiteachais 2014 i dteannta leis na foilseacháin Bhuiséid ar an 15 Deireadh Fómhair 2013. Chun an dáta foilsithe a thabhairt chun tosaigh 2 mhí ó sprioc Nollag bhí athruithe móra de dhíth maidir leis na hamlínte le go mbeadh seachadadh rathúil ann in am. Chinntigh an Roinn go mbeadh na leithdháiltí mar a leagadh amach i dTuarascáil Chaiteachais 2014 in ord ionas go mbainfí amach spriocanna fíoscacha na hÉireann.

Sa ráithe dheiridh de 2013, d'fhoilsigh an Roinn Toilleadh na Measúnaithe Athbhreithnithe inar leagadh amach táirgeacht 2013 agus leithdháiltí 2014. Aontaíodh ar amchlár nua de réir rialacha nua an AE agus comhsheasmhach le riachtanais Bhunreachtúla. Chiallaigh sé seo gur comhaontaíodh Toilleadh na Measúnaithe Athbhreithnithe agus gur foilsíodh iad laistigh de amchlár an-teann faoi dheireadh na bliana. Chuaigh an Roinn i ngleic le Coistí Oireachtais lena chinntiú go mbeadh na Measúnaithe faofa in am roimh dheireadh 2013.

### Bainistíocht ar chaiteachas Vótáilte

Tugann an Dáil údarás don mhaoiniú le haghaidh sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí an Rialtais i mblocanna caiteachais ar a dtugtar [Vótaí](#). Réimse faoi leith de chaiteachas an Rialtais is ea gach Vóta

agus tá sé mar fhreagracht ag Roinn nó Oifig Aonair Rialtais. Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht agus bainistíocht ar chaiteachas trí Vótaí aonair agus anailís agus bainistíonn sé caiteachas foriomlán poiblí.

I 2013, is amhlaidh go ndearna an Roinn an méid seo a leanas:

- rinne monatóireacht ar thréithe caiteachais ar fud na bliana agus thug comhairle ar ghníomhaíocht leasaithe ar bith a bhí riachtanach ina dhiaidh;
- rinne scrúdú agus measúnacht ar mholaí ó Rannóg agus ó Ghníomhaíochtaí Stáit ar bhonn luach ar airgead agus acmhainní a uasmhéadú agus thug comhairle ar cé acu an bhféadfaí na moltaí a cheadú; agus
- rinne athbhreithniú agus thug comhairle ar an bpolasaí maidir le feidhmiú fhorais an Stáit.

Bhí an Roinn freagrach as bainistíocht rathúil caiteachais ar 23 Vóta laistigh de limistéir cheadaithe de réir acmhainní níos lú a bheith ar fáil. Tugadh acmhainní amach de réir aird ar thorthaí geilleagaracha agus sóisialta, ar fheidhmíocht agus ar luach ar airgead maidir le Vótaí cuí.

Thug an Roinn isteach buiséadú bunaithe ar fheidhmíocht i 2013 i dToilleadh Measúnaithe Athbhreithnithe um Sheirbhís Poiblí. Mar thoradh air sin, tá na na torthaí ba mhian beartas poiblí tionchar a imirt air - torthaí sláinte, sábháilteacht poiblí, caighdeán litearthachta agus ardoideachas, inbhuanaitheacht fuinnimh, cuimsiú sóisialta agus ar aghaidh - leagtha amach anois go soiléir lámh leis an gcaiteachas gaolmhar. Tugadh tacaíocht oiliúna do na Rannóga ar an tionscnaimh nua feidhmíochta maidir le buiséadú.

Anuas air sin, mar chuid de leasuithe móra an Rialtais ar an bpróiseas bainistíochta caiteachais agus de réir a thiomantais do Chlár an Rialtais chun díriú isteach ar fheidhmiú agus ar sheachadadh i ngach réimse de riarachán an phobail, cuireadh Ireland Stat, tairseach gréasáin ar a bhfuil eolas faoi fheidhmíocht na seirbhíse poiblí, ar bun i 2013.

Chuir an Roinn ar aghaidh cur i bhfeidhm an chláir réasúnaithe chun líon na bhforas poiblí a laghdú i 2013. Cuireadh roinnt bearta i gcrích le linn na bliana lena n-áirítear deireadh a chur le 33 Coiste Gairmoideachais agus cumasc na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais mar Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh.

#### Cód Caiteachais Phoiblí

D'fhoilsigh an Roinn Cód Caiteachais Phoiblí Nua. Treoir chuimsitheach is ea an Cód Caiteachais Phoiblí ina bhfuil measúnacht ar chaiteachas, riachtanais Luach ar Airgead agus treoracha eile maidir le caiteachas poiblí. Comhdhlúthaíonn sé treoracha atá ann faoi láthair, leathnaíonn sé na treoracha le caiteachas reatha a chlúdach chomh maith le hinfheistíocht chaipitil agus tugann sé isteach tairsí nua fíoscacha le haghaidh measúnaithe agus anailís ar bhuntáistí costais.

Chuir Aonad Láir Mheasúnaithe Caiteachais na Roinne, a cheap an Cód nua, oiliúint agus tacaíocht chomhairleach ar fáil do Rannóga freisin ar an gCód nua. Anuas air sin, d'eagraigh an tAonad seisiún shaineolais ar roinnt topaicí measúnaithe agus anailíse beartais, lena n-áirítear Eacnamaíocht Iompraíochta agus Anailísíocht Thuarthach.

#### Uimhreacha na Seirbhíse Poiblí

Thacaigh an Roinn le leithdháileadh uasmhéid acmhainní trí Creatlaí Rialaithe Fostaíochtaí a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm i Rannóga. De réir pholasaí an Rialtais, rinne an Roinn maoirseacht ar an laghdú aruimhreacha sa tseirbhís poiblí ó bhreis agus 290,400 ag deireadh 2012 go faoi 287,800 ag deireadh 2013.

### Infheistíocht Chaipitil

Sheol an Roinn an dara agus an tríú céim den Phlean Spreagtha Infreastruchtúir Chaipitil i 2013. I Meitheamh, fógraíodh infheistíocht de €150m ón Státchiste le haghaidh scoileanna, bóithre agus éifeachtacht fuinnimh i dtithíocht Údaráis Áitiúil. Ina dhiaidh seo, i nDeireadh Fómhair, fógraíodh go rachaidh leathchuid den bhrabús ón idirbheart Ceadúnais Chrannchuir mar infheistíocht i réimse tionscnamh caipitil chun fás a spreagadh fud fad na tíre. Fógraíodh an chéim dheiridh den Phlean Spreagtha i mBealtaine 2014 agus tá gach gné anois de faoi lán seoil. Cuireadh socruithe breise i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh spreagtha.

Mar gheall ar choinníollacha feabhsaithe sa mhargadh airgeadais agus téarnamh leanúnach na hÉireann is amhlaidh gur tháinig feabhas ar chion an mhargaidh i leith thionscnaimh PPP na hÉireann agus tá go leor maoinitheoirí ann anois chun airgeadas a chur ar fáil dár dtionscnaimh. Chuaigh gach tionscnamh i gclár PPP 2012 chun an mhargaidh agus bhíothas páirteach cuid mhór i gcúrsaí tairisceana agus i gcomórtais mhaoinithe a eagraíodh i rith na bliana. Lean an Roinn de theagmháil a choinneáil leis an Roinn Airgeadais agus leis an NDFA maidir le rannpháirtíocht leis an EIB, CEB agus foinsí eile maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

### Seirbhís Mheasúnaithe agus Gheilleagarach Rialtas na hÉireann

I ndiaidh gur bunaíodh é i 2012, dhírigh an Rialtas ar na na príomhbhlocanna tógála chun Seirbhís Mheasúnaithe agus Gheilleagarach Rialtas na hÉireann (IGEES) a chur i bhfeidhm. Seirbhís ghairmiúil mheasúnaithe agus gheilleagarach is ea IGEES a bhfuil sé mar aidhm aige toilleadh geilleagarach agus measúnaithe a thógáil sa Státseirbhís agus ardchaighdeáin d'anailís gheilleagarach agus pholasaí a sholáthar do phróiseas cinnteoireachta an Rialtais.

Tháinig fás ar bhallraíocht IGEES i 2013 nuair a rinneadh earcaíocht faoi leith ar chéimithe ionas go mbeadh na hacmhainní cearta ag an tseirbhís nua. Chuir an Roinn i bhfeidhm struchtúir chúil rialachais chorparáidigh i bhfeidhm don tseirbhís nua mheasúnaithe agus gheilleagarach. Ceapadh Clár um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil an IGEES, agus cuirfear tús leis go luath i 2014 agus dearadh láithreán Gréasáin an IGEES le go seolfar go luath i 2014 é.

Bhí an chéad **Chomhdháil IGEES** ar *“Straitéisí le haghaidh Fás Inbhuanaithe Geilleagarach agus Fostaíochta”* i Meán Fómhair 2013 chun an anailís a chur le chéile mar chuid d'fhorbairt Straitéis Mheántéarmach Gheilleagarach an Rialtais. D'fhreastail thart ar 100 duine a bhí ag obair i Rannóga an Rialtais, an mhórsheirbhís phoiblí, lucht léinn agus institiúidí áirithe taighde air.

### Pointí Eile Tábhachtacha

#### **Forbairt na hInfheistíochta Tionchair Shóisialta**

Bhí ról lárnach ag DPER maidir le tiomantas an Chláir Rialtais a chur i bhfeidhm chun samhail de a cheapadh chun idirbheartaíochtaí sóisialta a mhaoiniú - ar a dtugtar bannaí tionchair shóisialta - a dhéanann coigilití iniúchta an státchiste a roinnt le heagraíochtaí carthannachta agus deonacha. D'aontaigh an Rialtas i nDeireadh Fómhair 2013 chun clár píolóta a bhunú a bhfuil sé mar aidhm aige lóistín fadtéarmach inbhuanaithe a fháil do theaghligh gan dídean i mBaile Átha Cliath.

#### **Idirbheartaíocht Ceadúnais an Chrannchuir Náisiúnta**

Le linn 2013, sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseas iomaíochta, d'achtaigh reachtaíocht agus d'fhógair rogha iarratasóra a raibh síniú an Cheadúnais Nua Chrannchuir Náisiúnta mar thoradh air ar an 27 Feabhra 2014. Shaothraigh an idirbheartaíocht ceadúnais íocaíochta €405m don Stát. Fuarthas leathchuid den méid sin i Márta 2014. Fuarthas an leathchuid eile ag deireadh na Samhna 2014. Cuirfear tús leis an gceadúnas nua go mall i 2014.

### 3. Comhoibriú Idirnáisiúnta: Uachtaránacht an AE, Polasaí Comhtháthaithe, Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Polasaí Aeráide

#### Ráiteas Straitéise 2011-2014

- Lena chinntiú go mbíonn Éire in áit láidir le cur le forbairt pholasaí Comhtháite an AE roimh agus le linn ár nUachtaránachta i 2013.
- Rath Uachtaránacht na hÉireann i 2013.
- Dul chun cinn maidir le comhoibriú Thuaidh-Theas.

Ceann de phríomhchuspóirí na Roinne i 2013 ba ea rannpháirtíocht mhór a ghlacadh in Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, go háirithe i réimse an Pholasaí Chomhtháite. Bhí ról mór ag an Roinn seo ar son na hÉireann san idirbheartaíocht mhóiriomlán ar Rialacha an Pholasaí Chomhtháite i 2013 a bhí i bhfeidhm ar an tréimhse 2014-2020, lena n-áirítear ról an Uachtaráin i machnaimh na mBallstát ar mholtaí an Choimisiúin a chur chun cinn. Níos tábhachtaí ná sin ó thaobh peirspictíocht náisiúnta de, chuidigh an Roinn le hÉirinn leathdháileadh suntasach a fháil ó leithdháiltí comhtháite an AE le haghaidh seacht mbliana 2014-2020. Rinne an Roinn freisin bainistíocht agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm leantach leithdháiltí reatha an AE le haghaidh forbairt réigiúnach, chomh maith le comhbhainistiú a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart na hÉireann i gcláir thábhachtacha tras-teorann.

#### Uachtaránacht an AE

Bhí Uachtaránacht ar Chomhairle na nAirí i seilbh an AE idir Eanáir agus Meitheamh 2013. Don Roinn seo, ba í an cheist lárnach a raibh freagracht ag an Roinn seo uirthi ná an idirbheartaíocht ar pholasaí comhtháite don todhchaí, ar thit sé ar Uachtaránacht na hÉireann a bheith chun tosaigh ann le linn shé mhí ár nUachtaránachta. Is éard a bhí i gceist leis seo ná idirghníomhaíocht leis an gCoimisiún Eorpach, le Ballstáit eile agus le Parlaimint na hEorpa. Thacaigh an Roinn, ach go háirithe, leis an Aire i bpríomhimeachtaí na hUachtaránachta:

- Cruinniú iomlánach idir an Rialtas agus an Coimisiún Eorpach, agus cruinniú ina dhiaidh sin ar cheisteanna airgeadais agus ar cheisteanna an gheilleagair.
- Cruinnithe sa Bhruiséil agus i bParlaimint na hEorpa agus seasamh roimh an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach.
- Cruinnithe déthaobhacha le FPE ar Pholasaí Comhtháite, ar Sholáthar Poiblí agus ar Rialacha Foirne.
- Freastal, in éineacht le Céad-Aire agus le leas-Chéad-Aire Thuaisceart Éireann, ar chomhdháil a raibh an Coimisinéir ar Pholasaí Réigiúnach Hahn i mbun óstála air, ar an Chlár PEACE do Thuaisceart Éireann a ndéanann an AE maoiniú air.
- Comhdháil ard-leibhéil ar Infheistíocht a dhéanamh i réigiúin agus i gcathracha na hEorpa eagraithe ag Coiste na Réigiún agus ag Banc Infheistíochta na hEorpa le tacaíocht ó Uachtaránacht na hÉireann.
- Comhdháil ar Uachtaránacht na hÉireann a d'eagraigh na Tionóil Réigiúnacha i gcomhar leis an Roinn seo ar an dóigh ar chuir an Polasaí Comhtháite agus Uirbeach leis an Téarnamh sa Gheilleagar agus plé painéil ina dhiaidh le Leas-Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.



## **Polasaí Comhtháite**

Tá caiteachas ar chomhtháthú san Eoraip ag croílár an chláir fáis. Tá sé ar cheann de na príomhbhealaí atá ar fáil don Aontas chun infheistíocht a chur chun cinn agus chun fás agus fostaíocht a chur chun cinn sna blianta atá amach romhainn, agus muid ag dul i dtreo spriocanna na hEorpa 2020 a bhaint amach maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus comhtháite. Bhí ról tábhachtach ag an Roinn in uachtarán na hÉireann ar Chomhairle Airí an AE sa chéad leath de 2013. Baineadh amach dul chun cinn suntasach san idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa ar an mBeart Reachtach um Chomhtháthú ina leagtar amach na rialacha trína rialaítear tréimhse chlár Chiste Struchtúir agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020. Aontaíodh ar cheithre den sé rialúchán atá mar chuid den bheart reachtach comhtháite chomh maith le 90% de Rialúchán na bhForálacha Coiteanna le linn Uachtaránacht na hÉireann. Bhain sé seo le hionadaíocht a dhéanamh ar Chomhairle an AE agus beagnach 90 idirphlé thrípháirteacha idir é féin, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.

Is éard atá i gceist leis an mbearta reachtach Comhtháite ar aontaigh Comhairle na nAirí agus Parlaimint na hEorpa air i Nollaig 2013 ná:

- Rialúchán Forálacha Coiteanna a chlúdaíonn Cistí ESI: an Ciste Comhtháite, ERDF, ESF, EAFRD agus an EMFF;
- Maoiniú a chur ar fáil le haghaidh rialúchán faoi leith de gach ceann de na Cistí; agus
- Rialúchán a chlúdaíonn Comhoibriú Críche na hEorpa agus Grúpáil Eorpach ar Chomhoibriú Críche.

€352 billiún de mhaoiniú don Eoraip sa tréimhse 2014-2020 is ea an bearta foriomlán Comhtháite sna seacht mbliana atá romhainn agus gheobhaidh Éire breis agus €1.2 billiún de sin. Is ionann an méid seo agus méadú de 8% sa tréimhse 2007-2013, tréimhse inar gearradh buiséad foriomlán Comhtháite an AE le 8%. Den €1.2 billiún seo, tá €951 milliún ann do chlár Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) agus do Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) in Éirinn, agus an iarmhéid tugtha do chlár Chomhoibriú Críche na hEorpa (ETC).

Bhí ról lárnach freisin ag an Roinn chun leithdháiltí speisialta de €100 milliún a fháil do Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus €150 milliún le haghaidh clár nua trasteorann PEACE.

## **Infheistíocht an AE inár bhForbairt Réigiúnach**

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2013 maidir le hullmhúchán Chomhaontú Comhpháirtíochta na hÉireann do 2014-2020. Comhaontú foirmiúil atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, ar cuireadh deireadh leis i Samhain 2014, le Coimisiún an AE ar úsáid an mhaoinithe atá ar fáil.

Déanann an Roinn maoirseacht ar dhá Chlár Oibre ERDF a ndéanann na Tionóil Réigiúnacha bainistíocht orthu (An Tionól an Deiscirt agus an Oirthir, Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair) do bhabhta 2007-2013 den mhaoiniú. Tá sé mar aidhm ag clár 2007-2013 tógáil ar rath na gclár a tháinig rompu i 2000-2006 agus le dul i ngleic le dúshláin nua sna réigiúin. Cuireann na Clár Oibriúcháin seo €375 milliún de mhaoiniú ERDF ar fáil do thionscadail sa tréimhse 2007-2013, go háirithe i réimse TFC, na Nuálaíochta agus an Gheilleagair Eolasbhunaithe, an Chomhshaoil, Seachaint Riosa agus Inrochtaineacht agus Forbairt Inbhuanaithe Uirbeach agus Gréasáin Thánaisteacha Iompair.

Mar gheall ar obair dheimhniúcháin ón Roinn, fuair an Stáitchiste maoiniú de €88 milliún ón AE sa bhliain 2013.

## **Comhoibriú Thuaidh Theas**

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann (DFPNI) agus leis an gComhlacht um Chláir Speisialta AE (SEUPB) ar mhaoirseacht clár agus ar thograí a roghnú chun Clár PEACE agus INTERREG a thabhairt chuig leibhéal iomlán tiomantais. Tá luach €333 milliún agus

€256 milliún leis na Cláir faoi seach. Idir an dá Chlár, ceadaíodh breis agus 305 togra agus tá siad seo ag cur go mór le folláine gheilleagar an réigiúin agus tá sochaí shíochánta agus shocair á gcruthú dá réir.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an Clár PEACE agus INTERREG Thuaidh/Theas 2014-2020 a fhorbairt, leis an Roinn seo, DFPNI agus SEUPB ag imirt ról lárnach maidir leis an bpróiseas forbartha a threorú agus a bhainistiú agus maidir le téamaí nua a chomhaontú le haghaidh na gClár nua. Lean an Roinn de theagmháil a dhéanamh leis an Roinn um Ghnóthaí Seachtracha agus le Rannóga eile i Rialtas na hÉireann agus freagrachtaí PEACE agus INTERREG orthu agus/nó le Forais Forfheidhmithe Thuaidh Theas chun comhairle a chur ar fáil agus chun ceisteanna a réiteach ó cheisteanna airgeadais go ceisteanna polaitiúla sa réimse seo. Le linn 2013, tháinig an Roinn ar chomhréiteach leis an DFPNI ar leibhéal chúil foirne don SEUPB i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoireann sa bhliain 2012. D'oibrigh muid go dlúth leis an DFPNI chun teacht ar chomhthreoir agus chun í a chur amach le haghaidh na bhForas Forfheidhmithe Thuaidh Theas, Pleananna Corparáideacha (2014-2016) agus Pleananna Gnó (2014), chomh maith le comhaontú ar íosmhéid coigiltis éifeachtachta de 4% sa bhliain.

### **Measúnacht Mhéadaithe ar Pholasáí Aeráide**

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach freisin maidir le measúnacht gheilleagrach ar pholasaithe aeráide ag Rannóga a chur chun cinn agus tuiscint sa chur chun cinn ag leibhéal láir an rialtais ar an réimse polasáí seo atá á forbairt agus a mbeidh impleachtaí móra aige ar na earnálacha ar fad. Lean an Roinn ar aghaidh leis an ngá ar pheirspictíocht gheilleagrach a fhorbairt ar thuairimí náisiúnta ar pholasaithe.

D'oibrigh foireann na Roinne ag leibhéal AE le linn Uachtaránacht an AE ag leibhéal Ghrúpaí Oibre chun tionchar a imirt ar éifeachtacht costais agus éifeachúlacht costais a shníomh isteach i dtuairimí molta polasáí. Anuas air sin, d'eagraigh an Roinn seimineár ar straitéis airgeadais na haeráide, le Coimisiún an AE agus bhí tionchar suntasach aige ar aighneacht an AE a dhréachtú ar Straitéisí agus ar chur chuige an AE agus na Ballstáit chun airgeadas scálaithe le haghaidh na haeráide a aimsiú de réir spriocanna ar aontaíodh orthu go hidirnáisiúnta faoi 2020.

#### 4. Gníomhaíocht an Mhargaidh Fostaíochta

##### Ráiteas Straitéise 2011-2014

- Díriú níos fearr ar chaiteachas poiblí chun tacú le fiontraíocht agus le fás i gcúrsaí fostaíochta.
- Béim níos láidre ar bhearta gníomhaíochta an mhargaí fostaíochta agus ar an bhfostaíocht a chruthú.

##### Gníomhaíochta, Oideachas agus Oiliúint

Sa bhliain 2013 thacaigh an DPER go láidir le tosaíocht an Rialtais iad siúd a bhí dífhostaithe ar feadh i bhfad a ghníomhú - a cuireadh in iúl arís mar chuid de Straitéis Nuashonraithe 2013 Bealaí chun na Fostaíochta. Dhírigh DPER ar ghnímh a thabharfadh an tiomantas seo chun críche, trí úsáid a bhaint as struchtúr tuairiscithe an Choiste Chaibinéid ar Cheisteanna sa Mhargadh Fostaíochta chun cur i bhfeidhm a bhrú chun tosaigh.

Faoi stiúir an Choiste Chaibinéid, bhunaigh an DPER agus bhí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Idir-Rannach a leagann síos spriocanna le haghaidh rannpháirtíocht daoine atá dífhostaithe le tamall fada ar chlár gníomhaíochta fadtéarmacha an Roinn Coimirce Sóisialta agus ar chlár bhreisoideachas agus scileanna an Roinn Oideachais agus Scileanna. Coinníodh breis agus 80,000 áit do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus imfhálaíodh acmhainní den chéad uair don chohórt seo ar scála i bhfad níos mó. Scrúdaigh an Grúpa Sonraí Idir-Rannach córais sonraí agus naisc a bhí ag teastáil chun ionchuir, aschuir agus torthaí an chaiteachais €1.6bn ar ghníomhaíocht a lorg agus a mheas. As siocair gur aithníodh na heasnaimh a bhí ann maidir le sonraí de, bhí an DPER in ann brú ar aghaidh le haghaidh feabhsuithe a bhí riachtanach.

Chun bearna san hacmhainní a sháru i líon na n-oifigeach cás a bhí ar fáil chun seirbhísí gníomhaíochta a sholáthar dóibh siúd a bhí fostaite go fadtéarmach, chuidigh an DPER leis an DSP ar sheirbhís sheachfhoinsithe a cheapadh - ag tástáil cásanna agus comhairle faoi dhearbhu cáilíochta a fuarthas ó chomhairliúchán ón RA. Mar gheall ar an rannpháirtíocht seo ag DPER, thángthas ar thiomantas Triúrachta chun iarraidh ar thairiscint a fhoilsiú; beidh an tseirbhís atá le seachadadh níos dírithe ar líon reatha na ndaoine atá dífhostaithe; agus beidh costais fhoriomlán na dtograí giota maith níos lú ná mar a measadh ar dtús.

Chuir an DPER agus an NESC comhairle agus treoir ar fáil don Athbhreithniú Straitéiseach ar Oideachas agus Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe, tiomantas eile de chuid na Triúrachta. Chuidigh an t-athbhreithniú seo daoine a bhí dífhostaithe ar feadh tréimhse fada mar thosaíochtaí maidir le breisoideachas agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil dóibh.

Bhí ról tábhachtach ag an DPER maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh ar chuir an DSP Bealaí chun na Fostaíochta 2013 i bhfeidhm. Chinntigh an DPER go gcuirfí béim níos mór ar shonraí a bhailiú agus ar mholtaí thuarascáil Geary a lorg/thuairisciú agus mhol sé don DSP agus don DES socruithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun idirghabhálacha breise cuí oiliúna agus breisoideachais a sheachadadh do chliaint *Intreo* ar tosaíochtaí iad. Bhí baint againn freisin leis an idirphlé a tharla maidir le seirbhísí bainistíocht cáis a sheachfhoinsiú i DSP (JobPath).

De réir chlár athchóirithe an Rialtais, d'éascaigh an DPER, nuair ab fhéidir, atheagrú institiúide an chórais ghníomhaithe, lena n-áirítear:

- bunú oifigí INTREO agus thug seirbhísí treoracha FÁS agus próiseáil íocaíochtaí DSP le chéile mar sheirbhísí comhtháhaite;
- bunú SOLAS chun treoir straitéiseach agus maoiniú a sholáthar don earnáil bhreisoideachais agus oiliúna; agus
- 33 VEC a thabhairt le chéile leis na hiar-ionaid oiliúna FÁS mar 16 Bord Oideachais agus Oiliúna chun seirbhísí oiliúna agus breisoideachais a sheachadadh.

Ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa Comhairliúcháin ar Leas Cánach agus Sóisialta, a bhí i lár athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíocht ioncaim ag aois na fostaíochta. Is é príomhchúram an ghrúpa seo ná an dóigh ar féidir leis an gcóras um leasa sóisialta a chuid spriocanna a bhaint amach chun tacú le daoine trí thréimhsí de dhífhostaíocht dheonach, agus trí fhostaíocht a spreagadh agus trí gan spleáchas ar leasa sóisialta a mholadh.

Sa deireadh, bhí ról lárnach ag an DPER maidir le teacht ar chomhaontuithe ar an scéim Back to Education Allowance a bhí le cur i bhfeidhm ó 2014 ar aghaidh, lena n-áirítear an fhoráil gur chóir go mbeadh gach faomhadh BTEA faoi réir faoifa ó oifigeach cáis DSP ar chóir dó ainm a chur leis an Liúntas toisc gur féidir leis cuidiú leis an iarratasóir dul ar ais ar obair agus rochtain a fháil ar fhostaíocht, agus deireadh a chur le féin-roghnúchán dá réir. Foráil eile is ea gur tugadh isteach córais oiriúnacha faisnéise agus ba chóir próisis rianaithe a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí faoin scéim BTEA agus iar-BTEA agus chun cinntí ar bith polasaí sa todhchaí a chur le chéile.

## 5. Acmhainní Stáit

### Ráiteas Straitéise 2011 -2014

- Úsáid is fearr acmhainní Stáit agus bainistiú diúscairt acmhainní Stáit.
- Infheistíocht is cost-éifeachtúla in eochair-ghreasáin an gheilleagair agus bainistiú éifeachtach ar fháltais ó dhiúscairt acmhainní Stáit.

### Acmhainní Stáit

Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) comhordú agus maoirsiú ar dhul chun cinn suntasach maidir le Clár Diúscairtha Acmhainní Stáit an Rialtais in 2013.

Lainseáladh agus bainistíodh idirbheart díolacháin Fhuinneamh Bhord Gáis sa bhliain 2013 go dtí an pointe gur moladh tairiscint d'Airí ó chuibhreannas a áiríonn Centrica plc, Brookfield Renewable Power Inc agus iCON Infrastructure, a bhfuil luach fiontair chomh hard le €1.12b uirthi, agus glacadh léi. D'fhógair na hAirí ceapachán an chuibhreannais mar Tháirgeoir Roghnaithe i Nollaig 2013. (Cuireadh an díolachán i gcrích i Meitheamh 2014).

Chuir BSL díolachán an chéad chinn de dhá dhíolachán acmhainní thar sáile (Marchwood sa RA) i gcrích i Samhain 2013, ar phraghas is airde ná mar a bhíodas ag súil leis, praghas a réadaigh beagnach €153 milliún i ndíbhiní don Státchiste in 2014. Bhí díolachán an dara hacmhainn thar sáile (sa Spáinn) thar a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2013, agus rinneadh pleanáil do Chéim 2 de chlár diúscairtha acmhainní BSL (díolachán a dhá staisiúin móna - West Offaly Power and Lough Ree Power), a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2013, rinneadh sin a chur chun cinn cuid mhór faoi dheireadh 2013, agus na comhairleoirí airgeadais don idirbheart sin ceaptha i Nollaig.

Tar éis breithniú mionsonraithe ar an anailís ar ionchas agus ar iarmháirtí dhíolachán chearta buanteoireachta Choillte, fuarthas aontú an Rialtais i Meitheamh 2013 i dtaca le cur chuige difriúil i leith Choillte. In áit leanúint leis an idirbheart molta maidir le cearta buanteoireachta ag an am seo, cinneadh go ndíreofaí isteach, ina ionad sin, ar athsruchtúrú agus ar chuíchóiriú Choillte mar ghnólacht, chun dul i ngleic le roinnt ceisteanna a tháinig chun solais nuair a rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar an ngnólacht. Sa chomhthéacs seo, rinneadh breithniú ar an gcaoi chun leanúint le cumasc Choillte agus Bhord na Móna chun Bithfhuinneamh Éireann a chruthú mar a moladh i gClár an Rialtais agus cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid an Rialtais i Nollaig 2013.

Rinneadh dul chun cinn, freisin, in 2013, ar mholadh chun infheistíocht mhór a dhéanamh ar ghnó SmartPly Choillte agus tar éis breithniú fada, fuarthas faomhadh airí don infheistíocht ach roinnt coinníollacha a bheith comhlíonta ag Coillte.

## 6. Athchóiriú Polaitíochta

### Ráiteas Straitéise 2011 - 2014

- Seirbhís phoiblí is cuntasáí agus struchtúir riaracháin agus dhaonlathacha is éifeachtaí.
- Struchtúir agus noirm rialachais riaracháin agus cuntasáíocht dhaonlathach a fheabhsú.
- Reachtaíocht ullmhaithe faoi réir chlár an rialtais le aghaidh struchtúir dhaonlathacha is éifeachtaí.

### Nochtadh Costanta

Tá an Bille um Nochtadh Cosanta 2013 de réir dea-chleachtas agus baineann sé na caighdeáin idirnáisiúnta is airde amach. Is é is príomchuspóir dó oibrithe i ngach earnáil den gheilleagar a chosaint ar bhearta díotais sa chás ina nochtann siad faisnéis ar dhroch-chleachtas san ionad oibre. Tugann sé réimeas céimnitheach nochta ina bhfuil roinnt bealaí leithleacha ann trínar féidir nochtheadh a dhéanamh agus tugann sé cosaintí tábhachtacha lena n-áirítear foráil trína gceadaítear d'oibrithe, atá dífhostaithe go neamhdhleathach mar gheall ar nochtheadh cosanta, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda ar ordú eatramhach faoisimh . Arna thabhairt isteach chuig Seanad Éireann, ritheadh an Bille Um Nochtadh Cosanta 2013 trí gach céim den Seanad ar 20 Samhain 2013(1).

### An Bille um Shaoráil Faisnéise

Déanann an Bille um Shaoráil Faisnéise (SF), a foilsíodh in 2013 tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin, aisiompú ar shrianta SF a tugadh isteach in 2003 agus leathnaítear amach chuig gach comhlacht poiblí é agus tugann sé isteach roinnt leasúchán tábhachtach ar réimeas SF na hÉireann. (2)

### Dréacht-Chód Cleachtas SF

Sa bhliain 2013, thug Grúpa Seachtrach Athbhreithnithe, comhdhéanta d'acadóirí, d'iriseoirí, agus d'ionadaithe ón tSeirbhís Phoiblí a fuair eolas ón ngrúpa comhlachtaí poiblí, thug sé faoi athbhreithniú fócasaithe amtheoranta ar SF. De thairbhe na dtorthaí seo forbraíodh Dréacht-Chód Cleachtas cuimsitheach, cód a gcuirfead bailchríoch air ar achtú an Bhille um SF. Lean Lárionad Polasáí SF orthu ag tabhairt tacaíochta agus sainchomhairle d'úsáideoirí agus do chomhlachtaí poiblí ó cheann ceann na bliana.

### Eitic

Tugadh faoi athbhreithniú substainsiúil ar an gcreatlach réachtúil eitice reatha in 2013, lena n-áirítear breithniú ar mholtaí Bhinse Mahon agus Moriarty agus moltaí bainteacha eile, chomh maith leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt Cheannasaithe Scéim Ghinearálta le haghaidh Bille um Choinníollacha sa tSeirbhís Phoiblí a bheidh idir chuimsitheach, athleasaithe agus nua-aoisithe.

### Tionscadal Athbhreithnithe ar Dhlihte Reachtacha

Leanadh leis an gClár um Athbhreithniú ar Dhlihte Reachtacha agus rinneadh anailís ar reachtaíocht agus ullmhaíodh sceidil le haghaidh billí athbhreithnithe ar dhlihte reachtacha. In Iúil 2013, d'fhaomh an Rialtas dréachtú roinnt Billí chun aisiompú a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thanáisteach atá idir caite agus as feidhm. Rinneadh beart scóipe maidir leis an reachtaíocht phríomha iar-1922.

### Páirtnéireacht an Rialtais Oscailte

Fuarthas faomhadh an Rialtais chun go ndéanfaí ball den tionsnamh um Pháirtnéireacht idirnáisiúnta an Rialtais Oscailte (PRO) d'Éirinn, tionscnamh a bhfuil sé d'aidhm aige tacú le trédhearcacht, le cumasú saoránach, le dul i ngleic le caimiléireacht agus le húsáid nuatheicneolaíochta chun an rialachas a dhaigniú. Tar éis próiseas iomaíoch tairiscintí, gabhadh Transparency International Ireland chun comhairliúchán poiblí a chur i gcrích, eagraíodh trí chruinniú phoiblí agus rinneadh roinnt aighneachtaí. Mar thoradh air seo, cuireadh tuarascáil, ina bhfuil roinnt moltaí, faoi bhráid an Aire i nDeireadh Fómhair 2013, chun go ndéanfar anailís uirthi chun gurbh fhéidir go mbeadh sí mar pháirt de chéadphlean gníomhaíochta PRO na hÉireann. D'fhreastail an tAire ar chruinniú mullaigh PRO i Londain go mall i mí Dheireadh Fómhair agus rinneadh roinnt ceagaltas tábhachtach maidir le Sonraí Oscailte atá anois a chur i bhfeidhm trí Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta POR. Tugann rannpháirtíocht na hÉireann i PRO breis comhtháthaithe do thionscnaimh chun an reachtaíocht agus an tSeirbhís Phoiblí a leasú agus tabharfaidh sí scóip leanúnach do leasú breise.

#### **An Bille um Chlárú Brústocaireachta 2014**

Leanadh den obair i rith 2013 ar fhorbairt moltaí reachtacha a rinneadh le clár brústocaireachta a thabhairt isteach chun eolas a chur ar fáil don phobal faoi na daoine sin a bhíonn i dteagmháil leis an Rialtas agus le státseirbhísigh shinsearacha agus le seirbhísigh poiblí shinsearacha faoi chúrsaí polasaí poiblí. D'fhaomh an Rialtas dréachtú an Bhille um Rialáil na Brústocaireachta. Chuir Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil na Brústocaireachta san áireamh an méid a chuir páirtithe leasmhara isteach mar thoradh ar phróisis leathana comhairliúcháin. An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú do scrúdú réamhreachtach i mBealtaine 2013

#### **Fiosrúcháin Oireachtais**

D'achtaigh Tithe an Oireachtais An tAcht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta) 2013 i Mí Iúil agus tosaíodh air ina iomláine ar an 25 Meán Fómhair 2013. Bhunaigh an tAcht seo creat reachtach cuimsitheach don Oireachtas le fiosrúcháin parlaiminteacha a dhéanamh ar chúrsaí a bhfuil tábhacht shuntasach poiblí leo. Is céim thábhachtach é seo maidir le róil Thithe an Oireachtais i gcinntiú cuntasachta trí fhiosrúcháin dá shórt.

## **7. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Athnuachan na Státseirbhíse agus Bainistiú na Seirbhíse Poiblí.**

### **Ráiteas Straitéise 2011-2014**

- Seirbhís Phoiblí i bhfad níos lú, nach bhfuil chomh costasach is atá níos táirgiúla, agus a ndéantar bainistiú níos fearr uirthi agus a dhíríonn ar na torthaí is fearr don saoránach.
- Seirbhís Phoiblí níos cuntasáí agus struchtúir dhaonlathacha agus riaracháin níos éifeachtaí
- Clár cuimsitheach d'athchóiriú na Státseirbhíse a thiomáint
- Seachadadh éifeachtach an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011
- Cleachtais AD (HR) níos láidre, ar a n-áirítear bainistiú feidhmíochta agus pleanáil d'fhórsa saothair sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí

### **An Oifig Athchóirithe agus Seachadta**

I Mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, a leag amach a Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí do na blianta a bhí le teacht. Chuimsigh an Plean um Athchóiriú thart ar 200 sainghníomh, a leagadh ar dhaoine a bheadh freagrach astu lena gcur i bhfeidhm taobh istigh de spriocanna ama aontaithe.

I rith 2013, lean an Oifig Athchóirithe agus Seachadta (OAS)(RDO) sa Roinn orthu de bheith ag tiomáint agus ag comhordú fheidhmiú an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011 agus ag tacú leis an fheidhmiú fosta, chomh maith le bheith páirteach in athchóirithe eagraíochtúla agus earnálacha mar a leagadh amach iad i bPleananna Comhtháite Seachadta Athchóirithe PCSA (IRDP) na Ranna agus na nOifigí móra. Sa chomhthéacs seo, thacaigh an OAS (RDO) leis an struchtúr a cuireadh ar bun le seachadadh an phlean athchóirithe a mhaoirsiú, trí léirshamhail láidir tiomnaithe rialachais faoina stiúir seo a leanas: Coiste Comh-Aireachta, Grúpa Comhairleach Ard-Rúnaithe, Bord Seachadta Athchóirithe de Rúnaithe Cúnta agus na foirne seachadta athraithe a bunaíodh i Ranna agus in oifigí.

Sa dara leath de 2013, thosaigh an OAS (RDO) a dhréachtú an Phlean Nua um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí do 2014-2016. Tugadh faoin phróiseas seo chun tógáil ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh ar chéad Phlean Athchóirithe an Rialtais agus chun an cuspóir le hathchóiriú breise a dhéanamh ar an tSeirbhís Phoiblí a leagan amach. Agus na cúinsí fioscacha san áireamh, bhí an príomhfhócas, mar gheall ar an díth, sa chéad chéim den athchóiriú ar laghdú costais agus ar bhearta éifeachtúlachta. Agus fócas na héifeachtúlachta i bhfeidhm fós, leagann an chéad chéim eile san athchóiriú béim athnuaite ar fheabhsú seirbhíse agus ar thógáil Seirbhís Phoiblí a mbeidh torthaí dearfacha air do gach páirtí leasmhar, ar a n-áirítear saoránaigh, gnólachtaí agus státseirbhísigh iad féin. Foilsíodh an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Phoiblí in Eanáir 2014. Ag an am céanna, foilsíodh freisin tuarascáil ar dhul chun cinn a leag amach na mórghníomhartha agus na forbairtí ó 2011. Is féidir breathnú ar an dá cháipéis ag <http://www.per.gov.ie/public-service-reform/>.

### **Seachadadh Seirbhís Sheachtrach**

I rith 2013, lean an tAonad um Sheachadadh Seirbhís Sheachtrach de bheith ag spreagadh na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí le húsáid chuí a bhaint as Seachadadh Seirbhís Sheachtrach (SSS)(ESD). D'éiligh cinneadh Rialtais in 2012 ar na ceithre earnáil is mó (Sláinte, Oideachas, Ceart agus



Rialtas Áitiúil) pleananna SSS (ESD) mionsonraithe fianaisebhunaithe a dhéanamh le héifeachtúlacht agus laghdúithe costais a thiomáint agus san am céanna le cáilíocht na seirbhísí don phobal a chosaint. Cuireadh na pleananna earnálacha seo i dtoll a chéile agus cuireadh i láthair na Roinne iad in 2013. Thug an Roinn comhairle, san áit ar ghá sin, do na Ranna cuí. Agus iad ag dul chun tosaigh, beidh na pleananna seo faoi réir thuairisciú an Aonaid ar dhul chun cinn.

Tosaíodh ar clár foghlama agus forbartha i rith 2013 agus dearadh cúrsa oiliúna saincheaptha dhá lá agus tugadh do bhainisteoirí na hearnála poiblí atá freagrach as SSS (ESD) ina n-eagraíochtaí féin é. Chomh maith leis seo, d'fhoilsigh an Roinn lámhleabhar SSS (ESD) agus acmhainní/uirlisí do bhainisteoirí le húsáid; chun a mheas agus a thomhas cé acu atá nó nach bhfuil tionscadail fhéideartha inmharthana agus fóirsteanach do sheachadadh seachtrach. Scrúdaigh an Roinn freisin mar a bhíonn forais áirithe sa Státseirbhís sa tSeirbhís Phoiblí ag bainistiú fiacha atá amuigh acu. Scríobh BearingPoint tuarascáil chuimsitheach ar bhainistiú fiacha.

### **Cuntasacht na Státseirbhíse**

I rith 2013, forbraíodh páipéar comhairliúcháin ar cheangaltais an Chláir Rialtais maidir le neartú chuntasacht agus fheidhmíocht na Státseirbhíse, i gcomhar le Ranna/Oifigí. Rinneadh í a fhorbairt chun próiseas leitheadach comhairliúcháin a thosú agus é mar aidhm aige athrú agus athchóiriú a dhéanamh ar na socruithe cuntasachta reatha. D'fhaomh an Rialtas an páipéar comhairliúcháin seo i Mí na Nollag 2013 agus foilsíodh go gairid ina dhiaidh sin é.

D'aontaigh an Rialtas i Mí na Nollag 2013 painéal neamhspleách ar Láidriú Chuntasacht agus Fheidhmíocht na Státseirbhíse a cheapadh leis an phróiseas comhairliúcháin a mhaoirsiú, le haighneachtaí a gheofaí a athbhreithniú agus le moltaí a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil an Phainéil i Mí an Mheithimh 2014.

### **Athnuachan na Státseirbhíse**

Mar chuid dá chlár níos leithne d'athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, thosaigh an Rialtas ar mhórphróiseas in 2013 le heolas a thabhairt faoi chlár athnuachana don Státseirbhís. Bunaíodh tascfhórsa státseirbhíseach faoi stiúir Ard-Rúnaithe i Meitheamh 2013 leis an obair a thabhairt chun cinn. Chruinnigh an Tascfhórsa le chéile, agus taca acu ó Fhoireann Chláir bheag ón OAS (RDO), 13 huairé in 2013. D'eagraigh an Tascfhórsa freisin sraith ceardlann agus léirithe ar fud na Státseirbhíse mar chuid de phróiseas spriocdhírthe cumarsáide agus dul i ngleic le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe seachtracha agus sraith cruinnithe chomh maith le Boird Bhainistíochta. D'fhorbair siad freisin próiseas comhairliúcháin agus dul i ngleic ar mhórsála leis an fhoireann atá le feidhmiú go luath in 2014.

Is é a bhí i gceist le hobair an Tascfhórsa láidreachtaí na Státseirbhíse agus na réimsí a dteastaíonn feabhsú uathu le tacú le Ranna agus le hOifigí ardfheidhmíochta agus le foireann ardfheidhmíochta a shainnithint. Chuimsigh sé taighde ar thionscaintí athchóirithe i dtíortha eile, sainnithint an chleachtais is fearr atá ann anois i Státseirbhís na hÉireann agus tharraing ar anailís ó pheirspictíochtaí seachtracha mar shampla ón IPA, ón OECD agus ón earnáil phríobháideach.

Chinn an Rialtas i Mí na Nollag 2013 go gcomhtháthófaí torthaí phróiseas na hAthnuachana sa Státseirbhís agus obair an Phainéil Neamhspleách um Láidriú Chuntasacht agus Fheidhmíocht na Státseirbhíse ar aon mar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2014 agus is féidir a fheiceáil ag <http://www.per.gov.ie/civil-service-renewal/>.

### **Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí**

Lean an OAS (RDO) orthu ina ról leis an Tionscaint um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a chur chun cinn, ar a n-áirítear soláthar tacaíochta do Ghréasán Oifigeach na SAC (QCS) ar son Ranna agus

Oifigí Rialtais. Chruinnigh an Gréasán i gceann a chéile ceithre huairé in 2013. Seimineár bliantúil na SAC (QCS) a bhí i gceann de na cruinnithe seo a raibh níos mó ná 100 duine de lucht éisteachta ann.

### **Cuntasaíocht Rialtais**

Tá an Roinn freagrach as forbairt polasaí agus as comhairliú ar bhainistiú riosca, ar bhainistiú airgeadais agus ar iniúchóireacht inmheánach. Rinne an Roinn Lámhleabhar Treorach d'ullmhú Cuntais Leithghabhála in 2013 le cuidiú le Ranna agus iad ag ullmhú Cuntais Bhliantúla agus dréacht de Threoir an Choiste Iniúchóireachta do Chathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus d'Oifigigh Chuntasaíochta. Bhunaigh an DPER foghrúpa rialachais freisin le treoir a fhorbairt ar na gnéithe rialachais a bhaineann le Caighdeán san Iniúchóireacht Inmheánach ar aon dul leis an Phlean Feidhmithe um Chaighdeán san Iniúchóireacht Inmheánach. Chuir an DPER réiteach i gcrích freisin idir a thaifid agus taifid na Roinne ar gach cuntas poiblí bainc.

### **Seirbhís Phoiblí Shinsearach, Pleanáil d'Fhórsa Saothair agus SCFS (CSEAS) – Creat Rialachais**

#### **An tSeirbhís Phoiblí Shinsearach**

Is é feidhm na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí seirbhís poiblí níos comhtháite a chur chun cinn agus bainistíocht agus ceannaireacht shinsearach na seirbhíse poiblí a láidriú. Feidhmíodh roinnt beart chuige sin in 2013.

Foilsíodh an Straitéis um Fhorbairt Ceannaireachta 2013-2015 go luath in 2013. Tugtar mionsonraí inti ar na gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a bhfuil rún ag an SPS iad a chur i bhfeidhm roimh dheireadh 2015. Is iad seo eochairchuspóirí na straitéise:

- Acmhainn sa cheannaireacht aonarach agus eagraíochtúil a thógáil
- Gréasáin inbhuanaithe foghlama agus tacaíochta ar fud na SPS a chruthú
- Tacú le fobairt cultúr comhoibritheach
- Meicníocht a sholáthar le tacú le meaitseáil scileanna
- Tacú le forbairt aonarach trí shoghluaiseacht
- Ceannairí don todhchaí a shainathint agus a fhorbairt,

Is príomheilimit de chuid Chlár Feidhmiúcháin Cóitseála na SPS, a ndearnadh leagan píolótach de den chéaduaire in 2012 le 13 rannpháirtí a forbraíodh ar aon dul le haiseolas rannpháirtithe lena ábharthacht agus a luach leanúnach maidir le baill de chuid na SPS a chinntiú. Bhí 38 rannpháirtí eile ar an Chlár Feidhmiúcháin Cóitseála in 2013.

D'oibrigh an SPS le PAS chun Creat Inniúlachtaí Rúnaí Cúnta a fhorbairt agus a sheoladh. Baintear úsáid as an Chreat Inniúlachtaí mar bhunús le daoine a earcú sa TLAC agus tugann eolas faoi gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha.

Lean an SPS de bheith ag bainistiú an phróisis shoghluaiseachta do bhaill na SPS in 2013. Leathann soghluaiseacht bunús scileanna agus taithí chaidre na ceannaireachta sinsearaí agus bhoird bhainistíochta aonaracha. Spreagann sé forbairt ghairmiúil leanúnach, agus baill na SPS ag tabhairt faoi dhúshláin úra ina ról nua. Ó thainig an protocol athbhreithnithe soghluaiseachta i bhfeidhm in 2012, fógraíodh 30 folúntas ag leibhéal Rúnaí Cúnta do bhaill na SPS agus aontaíodh ar 9 ngluaiseacht.

Spreagann imeachtaí gréasánaithe coláisteacht, comhluachanna agus roinnt neamhfhoirmiúil feasa agus taithí idir baill na SPS. Tharla trí imeacht gréasánaithe do bhaill na SPS in 2013 agus bhí an Chomhdháil Bhliantúil Ghréasán na Rúnaithe Cúnta ann i Mí Aibreáin.

### **Pleanáil d'Fhórsa Saothair**

Éilítear pleanáil straitéiseach d'fhórsa saothair agus bainistiú acmhainní daonna chun a chinntiú go gcoinníonn Ranna agus Oifigí a n-acmhainn maidir le seachadadh seirbhíse. Chuir Ranna agus Oifigí isteach an dara hatriall dá bplean fórsa saothair in 2013. Tugadh isteach teimpléid nua le cuidiú le Ranna anailís a dhéanamh ar éileamh agus soláthar a bhfórsa saothair. Tá próiseas pleanála nuashonraithe d'fhórsa saothair á fhorbairt faoi láthair chun na naisc le caiteachas vótáilte a láidriú. Tharla ceardlann ar dhéanamh iniúchóireachtaí scileanna go luath in 2013. Trí chomhráit le Ranna agus Oifigí, rinneadh gréasán rialta pleanála d'fhórsa saothair de seo a thagann i gceann a chéile ar bhunús ceathrúnach.

### **Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe na Státseirbhíse**

Lean an SCFS (CSEAS) athstruchtúrtha á leabú féin ar fud na Státseirbhíse in 2013, agus tháinig méadú suntasach ar úsáid agus ar sheachadadh na seirbhíse i rith 2012. Rinneadh suirbhé chun cáilíocht an tseachadta seirbhíse a mheas ar fud na Státseirbhíse agus forbraíodh plean gnímh le dul i ngleic le fionnachtana suirbhé go luath in 2014. Bhunaigh an SCFS (CSEAS) meitheal thrasrannach le treoir ar mheabhairshláinte agus ar fholláine san áit oibre a fhorbairt agus a fheidhmiú. Foilsíodh an treoirleabhar eolais in 2014. Thug seachadadh straitéis fheabhsaithe cumarsáide de chuid na SCFS (CSEAS) tacaíocht dó seo.

### **Polasaí Acmhainní Daonna na Státseirbhíse**

Bhí tabhairt isteach tionscaintí a raibh sé d'aidhm acu solúbthacht idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a mhéadú mar eochair-mhórghníomh in 2013. Lig polasaí a tugadh isteach go luath in 2013 do státseirbhísigh sos gairme suas go 3 bliana a thógáil le bheith ag obair san earnáil phríobháideach. Tairgeann an scéim deis do státseirbhísigh le heolas agus scileanna a shealbhú ó bheith ag obair taobh amuigh den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí a bheadh mar shócmhainn luachmhar don státseirbhís ar fhilleadh dóibh. Tugadh isteach scéim mhalartaithe foirne idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ar bhunús píolótach in 2013.

Chuir an Roinn eochairtionscaintí i bhfeidhm sa státseirbhís a bhí i gComhaontú Bhóthar Harrington. Faoin Chomhaontú sin bhí roinnt athruithe ar choinníollacha oibre seirbhísigh phoiblí a raibh sé d'aidhm acu táirgiúlacht agus solúbthacht a mhéadú. Thug an Roinn seo isteach an polasaí nua a thug ar státseirbhísigh uaireanta breise oibre a oibriú. Tá tionchar an athchóirithe seo go háirithe tábhachtach i bhfianaise an laghdú atá ann anois ar líon na foirne i mórán réimsí. Chomh maith leis an sochar soiléir costais, tá na huaireanta seo ag soláthar deiseanna don bhainistíocht sa tseirbhís phoiblí le feabhas a chur ar na seirbhísí a bhíonn siad a sheachadadh. Tionchar díreach eile ná an laghdú ar chostais ragoibre.

Ag an am céanna, chuir an Roinn athruithe i bhfeidhm ar shocruithe solúbtha oibre na foirne. Is fostóir comhdheiseanna ard-solúbthachta í an státseirbhís. Agus an gá atá ann le seachadadh seirbhísí don phobal i gcomhthéacs laghduithe leanúnacha foirne, d'athraigh an Roinn seo na socruithe solúbtha oibre a laghdaigh líon na bhfleisc-laethanta (18 lá go 12 lá) sa bhliain don fhoireann ar obair sholúbtha. De bhreis air sin, tháinig laghdú ar rochtain ar obair sholúbtha, rud a chiallaíonn nach mbeidh fáil acu sin a cheaptar go húr ag leibhéal Príomhoifigeach Cúnta nó os a chionn ar obair sholúbtha.

### **Scéim Nua Saoire Bhreiteachta na Seirbhíse Poiblí**

D'fhoráil an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcú agus Ceapúcháin) 2013 an bunús don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le scéim bhreiteachta nua na seirbhíse poiblí a thabhairt isteach, rud a rinne i Mí an Mhárta 2014. Is é an réasúnaíocht atá le tabhairt isteach na scéime úire ná costas agus minicíocht na saoire breiteachta a ghearradh ar fud na seirbhíse poiblí agus táirgiúlacht a mhéadú. Shonraigh an reachtaíocht deireadh le 18 mí de chomhráit agus de dhul i gcomhairle le hionadaithe agus le bainisteoirí na foirne ar fud na státseirbhíse le dearadh na scéime úire a aontú.

Agus na comhráití ar siúl i rith 2013, forbraíodh agus aontaíodh sa deireadh forálacha nua chun déileáil le Tinneas Criticiúil trí chinneadh ceangailteach de chuid na Cúirte Oibreachais i Mí na Nollag 2013.

## **8. Caidreamh Tionsclaíoch agus Pá agus Pinsin Inbhuanaithe na Seirbhíse Poiblí**

### **Ráiteas Straitéise 2011-2014**

- Seirbhís phoiblí i bhfad níos lú agus níos táirgiúla, gan bheith chomh costasach a ndéantar bainistiú níos fearr uirthi agus a bhfuil fócas níos fearr aici ar bhaint amach na dtorthaí is fearr don saoránach.
- Dul i ngleic onnghníomhach le leas na foirne maidir le hathchóiriú ar chleachtais fostaíochta agus tacú leis an suaimhneas tionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí
- Laghdú inbhuanaithe ar chostas iomlán bhille tuarastail na seirbhíse poiblí
- Feidhmiú éifeachtach Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2000-2014
- Feabhsú inbhuanaithe maidir le hinbhuanaitheacht phinsin na seirbhíse poiblí

Ceann de na mórghníomhartha is suntasaí a rinneadh sa Roinn le cúpla bliain anuas ná an laghdú a baineadh amach i gcostas reáchtála na seirbhíse poiblí. Rinneadh é seo go príomha trí laghdú ar luach saothair (pá agus pinsin) a fhaigheann státseirbhísigh ar seirbhís agus iar-státseirbhísigh agus ar líon na státseirbhíseach atá fostaithe, agus a dtáirgiúlacht a fheabhsú san am céanna chun an leibhéal céanna nó níos fearr seirbhíse a sheachadadh thar thréimhe ama níos faide.

Bhain dhá cheann de na mórghníomhartha is suntasaí in 2013 leis an réimse seo oibre:

1Baineadh amach garsprioc shuntasach ar an bhealach chuig bille tuarastail inbhuanaithe trí theacht ar chomhaontú, Comhaontú Bhóthar Harrington leis an iliomad eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do státseirbhísigh. Éascaíonn an Comhaontú a gcuireann reachtaíocht dar teideal an tAcht um Bearta Éigeandála Airgeadais le Leas an Phobail 2013 laghdú ar bhille tuarastail na seirbhíse poiblí agus cuireann taca faoi sheachadadh táirgiúlachta agus bearta athchóirithe chun seirbhísí poiblí a fheabhsú agus a choinneáil taobh istigh d'acmháinní srianta.

2Shonraigh an tús a cuireadh leis an Scéim Aon Phinsin don tSeirbhís Phoiblí i Mí Eanáir 2013 céim mhór chun cinn le bille aoisliúntais na seirbhíse poiblí a chur ar dhúshraith inacmhainne don mheán- agus don fhadtéarma.

### **Comhaontú Bhóthar Haddington**

#### **Idirbheartaíocht**

I rith 2013, comhráití, comhaontú agus feidhmiú Chomhaontú Bhóthar Harrington an obair ba mhó a bhí ar siúl sa Rannán Luach Saothair, Caidrimh Thionsclaíoch agus Pinsean.

I Mí na Samhna 2012, thug fostóirí sa tseirbhís phoiblí cuireadh do na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht do státseirbhísigh chuig comhráití ar bhearta le coigiltí breise a chinntiú ó chostas bhille

pá agus pinsean na seirbhíse poiblí thar an tréimhse idir 2013 agus 2015, chomh maith le bearta breise táirgiúlachta. Measadh go raibh sin riachtanach maidir leis an bhille pá agus pinsean ag 36% den chaiteachas le laghdú comhréireach de €1 billion a dhéanamh ar chostas an bhille pá agus pinsean chun an sprioc easnaimh riachtanach fioscach de níos lú ná 3% faoi 2015 a chomhlíonadh.

Thosaigh an chéad bhabhta de dhianchomhráití i Mí Eanáir 2013. Is iad an Coimisiún um Chaidreamh Saothair (CCS) (LRC) a d'éascaigh iad sin agus chríochnaigh siad le moltaí ar dhréacht de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Nuair a dhiúltaigh Coiste na Seirbhísí Poiblí de Chomhdháil na gCeardchumann do na moltaí seo, d'aontaigh an Rialtas iarraidh ar Phríomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Saothair teagmháil eile a dhéanamh leis na páirtithe lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh bunús do chomhaontú idirbheartaíochta leis na spriocanna buiséid seo a bhaint amach. Trí chomhráití diana i Mí na Bealtaine idir fostóirí sa tseirbhís phoiblí agus ceardchumann/cumann, aontaíodh ar mholtaí leasaithe maidir le téarmaí agus coinníollacha do státseirbhísigh, Comhaontú Bhóthar Harrington mar gheall ar bhróicéireacht an Choimisiúin um Chaidreamh Saothair.

### **Cur i bhFeidhm Éifeachtach**

Forálann Comhaontú Bhóthar Haddington, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2013 ar feadh 3 bliana, do bheartais shuntasacha táirgiúlachta agus athchóirithe rud a fhágann gur eochairchumasóir atá ann do laghdú costas sa tseirbhís phoiblí agus seachadadh na chéad chéime eile de chlár athchóirithe uailmhianach an Rialtais don tseirbhís phoiblí. Tá roinnt beartas lárnach i gComhaontú Bhóthar Haddington a bhí mar chúis le hathruithe reachtacha, a bhain le hísliithe pá agus incrimintí, agus arduithe in uaireanta oibre tríd an tseirbhís phoiblí ar fad, chomh maith le réimse beartas earnála cosúil le; laghduithe i rátaí ragoibre, rátaí bisigh agus neamhchroí-íocaíochtaí, athruithe eile i gcleachtais nach mbaineann leis an earnáil, chomh maith le leasuithe in íocaíochtaí maoirseachta agus ionadaíochta.

Bhí deis bheag ann idir aontú an Chomhaontaithe agus cur i bhfeidhm na mbeartas atá leagtha amach sa Chomhaontú le héifeacht ó 1 Iúil ar aghaidh. Chun tacú leis na beartais lárnacha a ndéantar cúram díobh sa Chomhaontú, ba ghá comhaontú an Oireachtais maidir le téarmaí an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013 a dhréachtú agus a fháil. D'fhorail an t-acht do laghduithe de 5.5% go 10% ar thuarastal na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí a raibh a luach saothair bliantúil thar €65,000. D'fhorail sé freisin do laghduithe de 2% go 5% ar phinsin seirbhíse poiblí a luacháladh thar €32,500 a bhí á n-íoc cheana féin nó a bhí a dul a bheith réidh le hóc suas go dtí deireadh Lúnasa 2014 (a síníodh ina dhiaidh sin go dtí deireadh Meitheamh 2015). Tháinig an dá bheartas seo i bhfeidhm ó 1 Iúil 2013.

Tá an Comhaontú casta agus lean cumarsáid rialta agus idirbheartaíocht leanúnach leis na hearnálacha ar aghaidh tríd 2013 chun an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhealach seasmhach tríd an tseirbhís phoiblí ar fad. Chun castacht na mbeartas sa Chomhaontú a aithint bunaíodh grúpa maoirseachta le hionadaithe ó Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí agus Coiste na Seirbhíse Poiblí de ICTU agus buaileann sé le chéile go rialta chun aon cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirléamh a thagann aníos i dtaca leis an gComhaontú.

Tá an Comhaontú anois ag cur le caomhnú ár seirbhísí poiblí ag am nuair atá sriantachtaí suntasacha áiseanna orainn agus tá sé ag éascú soláthar seirbhísí poiblí riachtanacha ag am nuair atá éilimh ar na seirbhísí níos airde ná riamh. Tá na laghduithe costais agus na méaduithe táirgiúlachta atá arna éascú ag an gComhaontú tar éis scóip a thabhairt don Rialtas foireann bhreise a earcú le haghaidh eochairsheirbhísí túslíne. Cuideoidh tairbhe an athchóirithe seo le clár athchóirithe na seirbhíse poiblí a choinneáil ag dul trí cuid den choigilteas éifeachtúlachta atá a gcarnadh againn a athinfheistiú i seirbhísí feabhsaithe. Ina theannta sin, baineadh síocháin thionsclaíoch amach sa tseirbhís phoiblí ag am cinniúnach ar ár mbealach go téarnamh geilleagrach.

### **Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí**

Thosaigh Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí a ndearnadh foráil ina leith san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, ar 1 Eanáir 2013. Is ionann an Scéim agus an t-athbhreithniú ó bhonn is cuimsithí i dtaca le soláthar pinsin seirbhíse poiblí ó rinneadh foráil reachtach i leith pinsin státseirbhíse den chéad uair in 1834. Baineann sí le daoine nua a théann isteach sa tSeirbhís Phoiblí, chomh maith le hiaroibrithe de chuid na seirbhíse poiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís poiblí tar éis sos gairme de bhreis agus 26 seachtain. Soláthraíonn an scéim:

- Crapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar an meánluach saothair inphinsin a thuilltear le linn na gairme.
- Saoráid do scor luath ar chúiseanna míochaine, ag brath ar choinníollacha áirithe
- Caomhnú sochar scoir atá iníoctha ar iarratas ag an aois mbeadh ball i dteideal Pinsean Stáit (Ranníocach).
- Pinsean do chéilí nó páirtithe sibhialta agus páistí atá ina theideal.

Díríonn an t-athchóiriú seo, ar cor cinniúnach é, ar choigilteas suntasach fadtéarmach de chothrom is trían den chaiteachas pinsin, leis an gcoigealtas a bhfuil súil leis ag teacht sa mheán ó fhabhrú pinsin bunaithe ar mheánthuarastal na gairme (ní an tuarastal deiridh), nascadh sochar le boilsciú (ní tuarastal), agus ardú sa mheánaois pinsin (68 bliain d'aois go bunúsach do bhaill nua). Theastaigh tacaíocht shuntasach feidhmithe ón Roinn do gach rannóg den tseirbhís poiblí chun athchóiriú chomh suntasach i bpinsin na seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm, tacaíocht a bheidh de dhíth fós i mblianta luatha bunaithe na scéime.

Chomh maith leis na spriocanna suntasacha sin, d'fhéach an Roinn leasuithe a chur i bhfeidhm thar réimse éagsúil:

### **Tacaíocht don chóras daonlathach**

Tá an Roinn freagrach freisin as an gcóras tacaíochta atá ann chun speansais a thabhaíonn ball den Oireachtas agus páirtithe polaitiúla a bhfuil ionadaíocht acu san Oireachtas a chlúdach.

Ó 1 Eanáir 2013 rinneadh leasuithe áirithe ar chóras liúntas speansas an Oireachtais (nó an Liúntas Caighdeánach Parlaiminte (LCP) mar is fearr aithne air).

Laghdaíodh an mhír den LCP a bhain le taistil agus lóistín (TAL) faoi 10% (25% i gcás ball as Baile Átha Cliath), tháinig deireadh leis an mhír gan admhálacha de na Liúntais na nIonadaithe Poiblí (LIP) agus laghdaíodh an mhír le hadmhálacha faoi 20% (ceadaítear suim bheag gan admhálacha as an liúntas iomlán le caitheamh ar chostais theagmhasacha). Laghdaíodh líon na gclúdach litreach réamhíochta do Theachtaí agus Seanadóirí agus cuireadh deireadh leis an mír gan admhálacha den scéim rúnaíochta freisin.

Measadh go sábhálfadh na hathruithe seo thar €1 milliún i gcostas chóras na speansas thar bhliain iomlán.

Ina theannta sin, mar chuid de chlár foriomlán athchóirithe polaitiúla an Rialtais, foilsíodh An Bille um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2013. Bhí mar aidhm aige laghdú costais agus méadú freagrachta a thabhairt isteach maidir leis an liúntas a foictar le dtaobh speansas páirtithe polaitiúla, ar a thugtar Liúntas Cheannairí na bPáirtithe. Foilsíodh an Bille tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas liúntais agus comhairliúcháin le ceannairí na bpáirtithe cáilitheacha, baill neamhspleácha cháilitheacha, a bheadh anois ag dul trí iniúchadh ar an úsáid a bhaineann siad as an liúntas, agus leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Chun

trédhearcacht agus feidhmiú an liúntais a fheabhsú, cuirfear beartais fheabhsaithe tuairiscithe agus iniúchta i bhfeidhm ar cheannairí na bpáirtithe agus bainfidh na beartais seo freisin le baill neamhspleácha a fhaigheann an liúntas. Beidh ról níos gníomhaí ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí sa phróiseas tuairiscithe i dtaca le caiteachas ón liúntas. D'fhorail an reachtaíocht freisin go gcuirfí deireadh le hÍocaíochtaí scaoilíocaíochta d'Airí agus Sealbhóirí Oifige.

### **Review of EU Staff Regulations during the Irish Presidency Athbhreithniú ar Rialacháin Foirne an AE le linn Uachtaránacht na hÉireann**

Is ionann Rialacháin Foirne agus an creat dlíthiúil do choinníollacha fostaíochta agus oibre tuairim is 55,000 oifigeach agus foireann shealadach/conartha atá fostaithe i mbreis agus caoga institiúid agus gníomhaireachtaí AE atá lonnaithe i dtíortha éagsúla.

Le linn Uachtaránacht na hÉireann i 2013 thángthas ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú ar rialacháin foirne a thosaigh i Nollaig 2011. Breathnaíodh air seo mar éacht mór d'Éirinn ó tharla go raibh dul chun cinn ar an athbhreithniú mall go dtí sin. Is é a bhí mar aidhm leis an athbhreithniú nua-aosiú a dhéanamh ar théarmaí fostaíochta oifigeach de chuid an AE, agus coigilteas i gcreat an Chlár Réime Ilbhliantúil (CRI) 2014 - 2020.

Measadh ag an am go mbeadh coigilteas de €2.7 billiún faoi 2020 agus €1.5 billiún sa bhliain san fhadtárma mar thoradh ar na hathruithe a aontaíodh i dtaca le Rialacháin Foirne.

I measc rudaí eile, bhí reo pá i 2013 agus 2014, laghduithe i líon na foirne, uaireanta oibre níos faide agus scor níos déanaí mar thoradh ar an athbhreithniú.



## **9. Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus Ríomhsheirbhísí an Rialtais**

### **Ráiteas Straitéise 2011- 2014**

- Níos mó seirbhísí Rialtais agus sonraí a chur ar fáil go leictreonach agus bainistiú agus roinnt sonraí agus seirbhísí a fheabhsú ar mhaithe le soláthar dírithe seirbhísí d'úsáideoirí go léir na seirbhísí poiblí.
- Soláthar clár TFC agus Ríomhsheirbhísí Rialtais an Rialtais.

### **Bunú OPFRRR**

Bunaíodh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus Ríomhsheirbhísí an Rialtais i mí Iúil 2013. Tháinig OPFRRR in áit an An tIonad um Bainistíocht agus Forbairt Eagraíochta (IBFE) mar Roinn de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é an ról atá aici ceannaireacht a thabhairt do Chomhairle traseagraíochtúil na bPríomhoifigeach Faisnéise i gceapadh agus feidhmiú Straitéis TFC don tSeirbhís Phoiblí, agus réimse seirbhísí TFC a sholáthar do Roinn na nAcmhainní Daonna, don Roinn Airgeadais agus PeoplePoint chun tacú lena gclár oibre faoi seach. Soláthraíonn an cháipéis seo achoimre ar ghníomhaíochtaí faoi Ráiteas Straitéise 2011-2014. Baineann rudaí a cuireadh i gcrích agus dul chun cinn eile leis an dá phríomhaidhm atá sa Ráiteas Straitéise, mar atá:

- Caiteachas poiblí a bhainistiú ag leibhéal níos inmharthana ar bhealach pleanáilte, réasúnach agus cothrom chun tacú le feidhmiú eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann.
- Struchtúir riarachán poiblí agus rialachais a bheith ann atá trédhearcach, éifeachtúil, cuntasach agus sofhreagrach.

### **Forbairt Straitéis agus Bainistíocht Feidhmithe**

Chomh maith lena ról teicneolaíochta, tá OPFRRR freagrach as cur i bhfeidhm straitéisí a bhaineann le TFC a fhorbairt agus a chomhordú, ina measc:

- Cur i bhfeidhm Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais a chomhordú
- Tús a chur le hobair ar Straitéis FTC don tSeirbhís Phoiblí nua
- Clár Chomhairle na bPríomhoifigeach Faisnéise a spreagadh;
- Suirbhé a dhéanamh ar “Barr 20” na seirbhísí trasghníomhaíochta ardéilimh a sholáthraíonn Ranna agus Oifigí Rialtais agus oiread díobh atá ar-líne
- Faomhú an Rialtais a fháil ar Mheamram faoi ullmhú an Bhille um Cheannairí Chomhroinnt Sonraí, Nasctha agus Rialachais.

### **Forbairt agus Dearadh Láithreán Gréasáin**

Soláthraíonn OPFRRR tacaíocht theicniúil agus treoir d'úsáideoirí a seirbhísí, dearadh agus forbairt láithreán gréasáin san áireamh, mar shampla:

- Athdhearadh láithreán gréasáin na Cáinainéise
- Athdhearadh Banc Sonraí RCPA – feidhmíocht nua do shonraí oscailte
- Athdhearadh láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

- Athdhearadh láithreán gréasáin na Oifige Athchóirithe agus Soláthair (<http://www.reformoffice.per.gov.ie>)
- Forbairt láithreán gréasáin PeoplePoint (<http://peoplepoint.gov.ie>)
- D'aistrigh Seirbhís Nuachta Rialtas na hÉireann a óstáil go OPFRRR i 2013.
- D'aistrigh an Roinn Sláinte roinnt láithreán gréasáin chuig óstáil OPFRRR i 2013. <http://www.futurehealth.gov.ie>, <http://healthupdate.gov.ie>, <http://nacd.ie/>

### **Forbairt Chóras**

Bhí an Rannóg Forbartha Córas in OPFRRR freagrach as líon mór córas/seirbhísí nua a sheoladh i 2013.

- Seoladh ardán SharePoint 2013 go himheánach don Roinn Airgeadais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Rinneadh athfhorbairt ar an inlíon ag úsáid Sharepoint 2013 agus seoladh é le feidhmeanna nua agus dearadh nua.
- Bhí TeamSites ar fáil ó seoladh SharePoint, tá a TeamSite féin forbartha ag cuid mhór rannóg sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun eolas faoina rannóga a stóráil agus a roinnt.
- Dearadh agus tógadh an córas rCP i 2013 chun cabhrú le bainistiú, rianú agus próiseáil CPanna (Ceisteanna Parlaiminte) laistigh den Roinn.
- D'fhorbair OPFRRR an córas ePDMS i 2013, agus seoladh go rathúil é don Státseirbhís in Eanáir 2014. Dearadh é chun cabhrú leis na Fostaithe agus na Bainisteoirí go léir a bhfoirmeacha PDMS a chomhlánú ar-líne.

### **Anailís Sonraí chun Tacú le Dea-bhainistíocht Airgeadais**

D'oibrigh OPFRRR chun féachaint chuige go mbeadh eochairshonraí airgeadais agus caiteachais ar fáil chun tacú le soláthar éifeachtúil agus éifeachtach an Chláir Rialtais, an Phlean Athchóirithe agus an Ráitis Straitéise, trí:

- Soláthar rathúil Bhuiséad RCPA 2014 (i 2013)
- Soláthar rathúil Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe RCPA 2014 (i 2013)
- Sholáthair sí anailís ar phá agus incrimintí do thaobh an Phá do chainteanna Bhóthar Haddington leis na ceardchumainn
- Chomhordaigh sí feidhmiú Chomhaontú Bhóthar Haddington le CORE ó pheirspictíocht theicniúil
- Tacaíocht leanúnach do chórais Tuairisciú Airgeadais na Roinne.
- Uasdátaithe rialta a sholáthar don PS faoi eochairshonraí Roinne mar chuid dár gceangaltas faoi Chomhaontú um Thrédhearcacht Airgeadais an IMF.

### **Bainistiú Tionscadail**

Déantar na forbairtí teicneolaíocha a leagadh amach thuas a bhainistiú trí phróiseas nua tuairiscithe do gach tionscadal, a chuir OPFRRR i bhfeidhm i 2013, le tuarascálacha míosúla a ullmhaítear do Bhord Bainistíochta RCPA agus CCB na Roinne Airgeadais.

### **Cumarsáid**

Chun oscailteacht agus trédhearcacht a spreagadh, tá OPFRRR i mbun chuntas Twitter Ríomhsheirbhísí Rialtais chun seirbhísí ar-líne a chur chun cinn agus déanann sí teagmháil leis an phobal trí sheoladh ríomhphoist ar leith a ndéantar monatóireacht air chun glacadh le fiosrúcháin faoi cheisteanna a bhaineann le Ríomhsheirbhísí Rialtais.

### **Ag Déanamh Teagmhála ag Leibhéal an AE agus an Leibhéal Idirnáisiúnta**

Feidhmíonn roinnt gníomhaíochtaí AE agus Idirnáisiúnta mar bhonn eolais d'fhorbairt polasaí ag leibhéal náisiúnta. Rinne OPFRRR ionadaíocht d'Éirinn ag roinnt de na gníomhaíochtaí seo:

- Ag glacadh páirte go fairsing i bpróiseas tagarmharcála Ríomhsheirbhísí Rialtais Choimisiún na hEorpa;
- Ag tabhairt ceannaireachta do Chuibhreannas Náisiúnta na hÉireann in e-SENS (Seirbhísí Gréasánaithe Simplí Leictreonacha na hEorpa), tionscadal nua AE
- Ag déanamh ionadaíochta d'Éirinn ag réimse fóram idirnáisiúnta (AE, ECFE);
- Ag tabhairt ceannaireachta do na hullmhúcháin le haghaidh na míreanna ó chruinniú EUPAN a bhaineann le polasaithe ar Shonraí Oscailte agus Meáin Shóisialta le linn Uachtaránachta na hÉireann ar an AE.

Ag ullmhú páipéar téamacha roimh chruinniú EUPAN.

## 10. Seirbhísí Roinnte

### **Ráiteas Straitéise 2011-2014**

- Méid na gníomhaíochta sa tseirbhís phoiblí a mhéadú trí bhealaí eile seachadta
- Seachadadh Seirbhísí nua roinnte sa Státseirbhís.

Cuireadh tús le PeoplePoint, Acmhainní Daonna na Státseirbhíse agus an tSeirbhís Roinnte Pinsin, i Márta 2013. Tugann PeoplePoint próisis roinnte riaracháin Pinsin agus Acmhainní daonna le chéile ó eagraíochtaí sa Státseirbhís. D'fhreastail PeoplePoint ar bhreis agus 15,000 duine ó 13 eagraíocht faoi dheireadh 2013.

Cuireadh tús le hionad Seirbhíse Roinnte Párolla a chruthú sa bhliain 2013. Déanfaidh an PSSC próisis agus cleachtais phárolla a dhaingniú agus a chomhtháthú maidir le 53 Foras Seirbhíse Poiblí. Laghdófar líon na n-ionad párolla ó 17 go 3.

Cuireadh deireadh le bunlíniú na socruithe Bainistíochta agus Baincúireachta Aireadgais i 48 Foras Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2013. I Nollaig 2013, d'aontaigh an Rialtas go mbogfaí an Togra um Sheirbhísí Roinnte Bainistíochta Airgeadais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile, agus go mbeadh miondearadh próisis ann agus bailíochtú ar chásanna gnó.

I Mí Iúil 2013, cheadaigh an Roinn go mbunófaí Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bheadh chun tosaigh i Seirbhísí Roinnte na Státseirbhíse agus a thabharfadh tacaíocht d'earnálacha na Seirbhísí Roinnte i bpríomhearnálacha na Seirbhíse Poiblí: Sláinte; Oideachas agus Rialtas Áitiúil. Bunófar an Oifig ar bhonn riaracháin ar dtús laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## **11. An Oifig um Sholáthar Rialtais**

### **Ráitéas Straitéise 2011-2014**

- Méid na gníomhaíochta seirbhíse poiblí a sheachadtar go gníomhach trí mhúnlaí seachtadta malartacha a mhéadú.
- Seachadadh Seirbhísí comhroinnte nua sa Státseirbhís.
- Díriú níos láidre ar luach ar airgead agus eolas feidhmíochta, atá níos comhtháite le próisis le hacmhainní a leithroinnt.

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí is ea costais a laghdú agus luach ar airgead níos fearr a bhaint amach trí sholáthar poiblí a athchóiriú.

Ceapadh an chéad Príomhoifigeach Soláthair (POS) don tseirbhís phoiblí Éireannach i mí Eanáir 2013 le bheith i gceannas ar athchóiriú soláthair agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) a chruthú de réir na moltaí a rinneadh in 2012 in athbhreithniú seachtarach ar sholáthar poiblí. Lainseáladh an OSR, a fheidhmíonn mar oifig den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go hoifigiúil i mí Iúil 2013.

Le cruthú an OSR tá athstruchtúrú mór á dhéanamh ar fheidhmeanna soláthair na hearnála poiblí. Agus an OSR ag éirí níos oibríochtúla, glacfaidh sé, i gcomhar le ceithre phríomhearnáil, le freagracht teacht ar fhoinsí earraí agus seirbhísí ceann na seirbhíse poiblí. Chomh maith leis sin, glacfaidh an OSR le freagracht iomlán as beartas agus modhanna oibre soláthair, lena n-áirítear oibreacha agus seirbhísí a bhaineann le hoibreacha.

Chun múnla rialaithe agus oibriúcháin a cheapadh agus a dheimhniú don OSR, thionscnaigh an POS dianphróiseas comhairliúcháin le hionadaithe ó gach cuid den tseirbhís phoiblí le linn an chéad ráithe de 2013. Is é atá sa mhúnla, a faomhadh le Cinneadh Rialtais in Aibreán 2013, sé mhír eagraíochtúil: Bord, Coiste Stiúrtha, Feidhmeannas, Comhairlí Catagóire, Oifigigh Soláthair agus Foirne Aimsithe Foinse. Faoi dheireadh 2013, bhí Bord eatramhach, Coiste Stiúrtha eatramhach agus Feidhmeannas eatramhach i bhfeidhm agus bhí roinnt Comhairlí Catagóire bunaithe.

Éilíonn lárnú oibríochtaí soláthair aistriú foirne nach bhfacthas a leithéid riamh ó gach cuid den tseirbhís phoiblí isteach in aon oifig amháin. Le haistriú réidh go dtí an OSR a chinntiú, forbraíodh dearadh eagraíochtúil agus straitéis aistrithe foirne agus deimhníodh go foirmiúil iad ag leibhéal na hearnála in 2013 agus bunaíodh Comhchoiste Feidhmithe, atá ionadaíoch ar phríomhcheardchumainn na seirbhíse poiblí agus bainisteoirí OSR agus na hearnála. I mí Iúil agus mí Lúnasa 2013 reáchtáil OSR sraith ceardlanna eolais tras-earnála ar fud na tíre leis an eolas is déanaí a thabhairt do bhaill foirne soláthair phoiblí ar dhul chun cinn in athchóiriú agus athstruchtúrú soláthair. Le linn 2013, comhtháthaíodh an tAonad Náisiúnta um Beartas Soláthair Phoiblí (ANBSP), ar a bhfuil freagracht as beartas náisiúnta soláthair, reachtaíocht agus athchóiriú soláthair thógála, isteach in OSR agus rinneadh na príomhcheapacháin/sannacháin ar Fhoireann Bhainistíochta OSR. Cuireadh socruithe i bhfeidhm freisin le haghaidh aistriú foirmiúil foirne ón tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) go dtí an OSR, le bheith i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014 agus le haghaidh earcaíocht an chuid eile de thromlach rólanna OSR in 2014.

Is é tasc OSR coigiltí inbhuanaithe a bhaint amach agus tá sé ag úsáid cur chuige cothromaithe maidir le luach ar airgead a sheachadadh don cháiníocóir, ag cinntiú go bhfuil soláthar poiblí inrochtanach ag gach gnólacht, lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Chuige sin, chuir an OSR grúpa ardleibhéil ar bun maidir le Rochtain FBM ar Sholáthar Poiblí in 2013 leis an Roinn Postanna, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, a bhfuil an POS ina chathaoirleach air agus a dhíríonn go saineiúil ar

straitéisí monatóireachta a fhorbairt le haghaidh rochtain FBM ar sholáthar poiblí agus monatóireacht na gníomhartha soláthair poiblí faoi bPlean Gníomhaíochta ar Phostanna. I measc tacáí eile a tugadh le linn 2013 do FBManna bhí seimineáir agus ócáidí rialta, ar nós ócáidí Cuir Aithne ar an gCeannaitheoir a fuair aitheantas ag Duaiseanna Soláthair Náisiúnta 2013 as idirpháirtíocht a chur chun cinn idir FBManna agus ceannaitheoirí san earnáil poiblí.

Tá athbhreithniú tosaithe ag an OSR chomh maith ar chonarthaí oibreacha poiblí, a tugadh isteach in 2007 mar chuid den Tionscnamh Athchóirithe maidir le Soláthar Tógála agus úsáidtear iad le haghaidh gach tionscadal tógála a mhaoinítear faoi Chlár Caipitil an Státchiste. Is iad na príomhchuspóirí atá faoi chonarthaí oibreacha poiblí ná cinnteacht costais nuair a bhronntar an Conradh; luach ar airgead agus seachadadh éifeachtach tionscadail oibreacha poiblí. Ar an 10 Nollaig 2013, bhí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina chathaoirleach ar an gcéad chruinniú de na príomhchomhlachtaí leasmhara in athbhreithniú na gconarthaí oibreacha poiblí. Iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí scríofa a dhéanamh faoin Aoine an 17 Eanáir 2014.

Lean caidreamh leanúnach le hionadaithe tionscadail in 2013. I measc forbairtí agus nuashonruithe faoin gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil in 2013 bhí:

- Comhaontú Creatlach Nua le húsáid le Conradh na Cothabhála Téarma agus Oibreacha Athchóirithe;
- Athbhreithnithe ar Litreacha Fógra chuig Iarratasóirí/Tairgeoirí ag céimeanna éagsúla den phróiseas;
- Rinneadh athruithe suntasacha ar na doiciméid réamhcháilíochta agus na doiciméid tairisceana do sholáthraithe a bhaineann le tógáil. Leasaíodh an mhodheolaíocht measúnaithe chun conarthaí a bhronnadh atá leagtha amach sna doiciméid tairisceana, lena chinntiú gur dea-chaiighdeán an tosa cinntitheach nuair atá conarthaí á mbronnadh ar sholáthraithe seirbhíse;
- Ciorclán 07/13: Athchóiriú Soláthair Tógála - foilsíodh Laghdú an Leibhéil Reatha Bannaí Feidhmíochta Tógála le húsáid le Conarthaí Oibreacha Poiblí ar an 1 Bealtaine 2013 ag laghdú an leibhéil feidhmíochta bannaí feidhmíochta tógála ag teastáil ar chonarthaí oibreacha poiblí.

Foilsíodh 'Treoracha do Thairgeoirí' nua le húsáid i Nós Imeachta Srianta do Chonraitheoirí Oibreacha ag úsáid an Chonradh Gairid Oibreacha Poiblí (ITT-W5).

## 12. Cumas Roinne agus Rialú

### Ráitéas Straitéise 2011-2014

- Nearthaigh cumais agus scileanna, go háirithe athraigh ceannaireacht agus luacháil cláir.
- Ailíniú níos fearr Struchtúir Roinne agus úsáid foirne le straitéis i mbéal forbartha.
- Bainistiú níos fearr feidhmíochta foirne agus daoine aonaracha.
- Rialuithe Inmheánacha ar chaiteachas.
- Pleanáil Gnó.
- Caighdeán eitice agus iompraíocht gnó.
- Bainistíocht riosca.

Chun go gcomhlíonfaidh an Roinn a cuspóirí, tá sé ríthábhachta an úsáid is fearr a bhaint as a foireann, chun a chinntiú go gcuirtear ar an mbealach is éifeachtaí le tascanna agus freagrachtaí na Roinne. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bhfeidhm AD nuair atá an Roinn ag glacadh isteach líon mór ball foirne ó Ranna eile. In 2013 mhéadaigh foireann na Roinne de 195 ó 369 go 564, den chuid is mó do phoist i seirbhísí comhroinnte.

Tá sé tábhachtach chomh maith. le hionracas a chinntiú i gcaitheamh airgid phoiblí, socruithe láidre iniúchta inmheánaigh a bheith i bhfeidhm. Tá sé seo ríthábhachtach freisin maidir le ról lárnach na Roinne ag tacú le hÉirinn ag tarraingt anuas tacaíochta ó Chistí Struchtúrtha AE. Ar deireadh, tá sé riachtanach go bhforbróidh an Roinn agus go n-éireadh sí ina pleanáil agus ina próisis oibriúcháin tuiscint ar bhainistíocht riosca, go háirithe aithint agus maolú rioscaí.

#### A. Bainistiú Acmhainní Daonna

Is iad Príomhchuspóirí Aonad Straitéisí Acmhainní Daonna na Roinne:

- Bainistíocht acmhainní, earcaíocht agus roghnúchán éifeachtach;
- Pleanáil fórsa oibre;
- Seirbhísí comhairliúcháin a chur ar fáil laistigh den Roinn (aistrithe, scéimeanna saoire agus Scéim Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha, etc.);
- Foghlaim agus forbairt foirne;
- Bainistíocht feidhmíochta;
- Caidreamh tionsclaíoch sa Roinn; agus
- Tacú le Bainistíocht AD PeoplePoint.

Leagtar amach sna hailt seo a leanas dul chun cinn le trí cinn de na cuspóirí seo, atá ríthábhachtach maidir le feidhmíocht na Roinne trí chéile: Bainistíocht Acmhainní; Foghlaim agus Forbairt Foirne; agus Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha.

#### Bainistiú Acmhainní

Chun go gcomhlíonfaidh an Roinn a cuspóirí, tá sé ríthábhachta an úsáid is fearr a bhaint as ár bhfoireann. Faoi dheireadh 2013 bhí 555 bhall foirne ag an Roinn agus tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt dár mbaill foirne chun cur le seachadadh chuspóirí na Roinne ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bhfeidhm AD nuair atá an Roinn ag seachadadh clár oibre athchóirithe atá dúshlánach agus ag glacadh isteach líon mór ball foirne ó gach cuid den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí.

In 2013 mhéadaigh foireann na Roinne de 186 ó 369 go 555. Thóg bunús na ndaoine seo poist i réimsí na seirbhíse comhroinnte, i.e., AD agus pinsin (Peoplpoint) agus Párolla (Lárionad Seirbhíse

Comhroinnte Párolla). Chuaigh PeoplePoint beo in Aibreán 2013 agus an Lárionad Seirbhíse Comhroinnte Párolla).

I dtreo dheireadh 2013 líonadh tuilleadh post ríthábhachtach san Oifig Soláthair Rialtais agus d'oibrigh an Straitéis Aonaid AD leis na páirtithe leasmhara bainteacha le haistriú na foirne a mhaoirsiú ó Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go dtí an Oifig Soláthair Rialtais nua.

### **Oiliúint agus Forbairt Foirne**

Bunaíodh Fóram Ceannaireachta agus Feidhmíochta, a raibh foráil dó i bPlean Gnó 2013 na Roinne, chun ionchur agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh sraith tionscnamh a fhorbairt le riar ar ár riachtanais foghlama agus forbartha. Tháinig an Fóram Ceannaireachta agus Bainistithe Feidhmíochta i gceann a chéile ar chúig ócáid in 2013 agus d'éirigh go han-mhaith leis ag tabhairt eolais agus comhairle ar fhoghlaim agus ar thionscnaimh forbartha agus oideachais atá déanta go sea. Ina measc tá:

- Leathnú an Chláir Eagraíochtúil agus Ceannaireachta Pearsanta leis an ngrád AP a chuimsiú;
- Leathnú an Chláir Scileanna Bainistíochta le gach grád a chuimsiú;
- Beartas Oideachais Iariontrála athbhreithnithe don bhliain acadúil 2013/2014, lena n-áirítear an moladh ócáid aitheantais/ceiliúrtha oideachais iariontrála a chur sa sceideal i bhfómhar 2014 do bhaill foirne a bhfuil cúrsaí acadúla críochnaithe acu ó bunaíodh an Roinn.

Le linn 2013 d'fhreastail 538 mball foirne ceann amháin nó níos mó tionscnamh foghlama agus forbartha ag clúdach oideachas iariontrála, cláir oiliúna ghinearálta, forbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint TF agus tionscnaimh shláinte agus folláine. Is ionann seo agus méadú faoi cheathair i líon na ndaoine atá ag glacadh páirte i gcomparáid le 2012.

Tá riachtanais na nOifigí Seirbhíse Comhroinnte agus an Oifig Soláthair Rialtais tiomanta ag feidhmeanna gnó faoi leith na n-oifigí. Bhí an tAonad Straitéis AD i dteagmháil le hionadaithe ó na hoifigí seo agus thug sé tacaíocht dóibh maidir leis an mbealach is fearr le tabhairt faoina riachtanais foghlama agus forbartha faoi leith faoi láthair agus amach anseo.

### **Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha**

Tar éis athbhreithniú agus measúnú ag an Roinn seo ar Scéim Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (SBFF) na státseirbhíse, sruthlíníodh agus simplíodh timthriall SBFF 2013 le go mbeadh a leanas san áireamh: inniúlachtaí a bhfuil níos mó brí ag baint leo a thabhairt isteach, tuairiscíní níos fearr chun feidhmíocht a mhes agus cothroime agus leanúnachas a láidriú, athbhreithniú ar shocruithe athbhreithnithe agus SBFF a nascadh le bronnadh incrimintí.

Chuimsigh timthriall SBFF 2013 roinnt croíphrionsabal: pleanáil agus socrú cuspóirí éifeachtach, tuiscint fheabhsaithe ar chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta agus an méid a chuireann daoine aonaracha isteach chun iad seo a bhaint amach, tréimhsí athbhreithnithe rialta le comhthuiscint a chinntiú ar dhul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach agus forchéimniú gairme a chothú trí bhuanfhoghlaim agus trí bhuanfhorbairt. Chuir an tAonad AD i láthair oiliúint do gach ball foirne ar na socruithe nua le haghaidh thimthriall 2013 SBFF.

De réir na n-athruithe comhaontaithe faoi thimthriall SBFF 2013, tugadh isteach grádú ar bhonn píolótach do ghráid áirithe. Mar a d'aontaigh an Bord Bainistíochta i gcás na Roinne seo, ghrádaigh Rúnaí Cúnta breithmheasanna Príomhoifigí. Bhí tús luachmhar leis an gcomhsheasmhacht agus cothromaíocht a chinntiú i rátálacha feidhmíochta, leis an gcuinniú grádála oscailte agus dúshlánach.



Chuir an tSeirbhís Comhroinnte nua AD agus Pinsic, PeoplePoint, an próiseas tuairiscithe SBFF deiridh bhliana 2013 i gcrích. Ba e géilliúlacht na Roinne do thimthriall SBFF 2013 91.3%.

### **Caidreamh Fostaithe agus Tionsclaíoch**

Trí mheicníochtaí foirmiúla Chomhairle na Roinne agus trí theagháil leanúnach le taobh na foirne araon, lean an tAonad Straitéise ag díriú ar chaidreamh táirgiúil a athógáil i ngnóithe AD. Lean an tAonad ar aghaidh chomh maith ag tabhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le AD a bhí ann sular bunaíodh an Roinn.

### **B. Deimhniú a chur ar fáil don Ard-Rúnaí: Feidhm an Iniúchta agus Bainistiú Riosca**

Mar chuid den tSeirbhís Comhroinnte a cuireadh ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, chuir an tAonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE cúig Iniúchadh Inmheánacha i gcrích don Roinn seo le linn 2013. Bhí de thoradh orthu seo moltaí le gnéithe éagsúla de phróisis na Roinne atá ríthábhachtach do ghnó a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, rinne an tAonad 98 iniúchadh ar oibriúcháin agus ar chórais in 2013 maidir le babhta 2007-13 de mhaoiniú an Chiste Eorpaigh Forbartha Réigiúnaí. Cuireadh na Tuairiscí Rialaithe Bliantúla do gach clár Ciste Eorpach Forbartha Réigiúnach (Deisceart & Oirthear, Teorainn, Lár Tíre agus Iarthar agus Éire agus an Bhreatain Bheag) isteach chuig Coimisiún an Aontais Eorpaigh faoin 31 Nollaig 2013. Glac an Coimisiún Eorpach gan choinníoll le dhá cheann de na trí thuairisc seo, le comhairliúcháin ar an tríú ceann ag leanúint ar aghaidh.

Rinne baill foirne sa Roinn dul chun cinn mór i gclabhsúr bhabhta maoinithe 2000-2006 le linn 2013, agus bhí siad i gceannas ar fhreagairt údarais na hÉireann ar fhionnachtain an Choimisiúin Eorpaigh ina leith seo. Bhí se do thoradh díreach air seo (in 2014) gur gnóthaíodh €104 milliún net don Státchiste maidir leis an gClár Infreastruchtúir Eacnamaíoch agus Shóisialta 2000-2006. Táthar ag dréim lena thuilleadh gnóthúchán a bheith faighte amach anseo maidir leis na Cláir Oibríochtáin oscailte dá bhfuil fágtha.

Tá Ráiteas Bailíochta curtha ar fáil ag an Aonad maidir le héileamh ag an Roinn ar thimpeall €13 milliún ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh maidir le haghaidh caiteachais don na tuille dáríre a bhí in Éirinn i ndeireadh 2009. Bhíothas ag dréim leis go mbeadh de thoradh air in gnóthú glan den mhéid seo do Státchiste na hÉireann.

Maoirsíonn Coiste Iniúchta na Roinne ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE, a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách seachtrach air.

### **Bainistíocht riosca and pleanáil gnó**

Le linn 2013 d'athbhreithnigh an Roinn treoir dá foireann ar an mbealach a dhéantar rioscaí a bhainistiú a aithint agus a thuairisciú sa Roinn. Leag an treoir athbhreithnithe seo síos, le ionchur coiste riosca, an dúshraith le haghaidh tuairisciú bainistíochta riosca níos foirmiúla agus machnamh ar riosca ag leibhéal an bhoird.

Rinne an próiseas pleanála gnó 2014, a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2013, measúnú ar aschuir an phlean gnó le haghaidh rioscaí féideartha ar bhealach a nedaigh bainistíocht riosca sa phleanáil gnó.

### 13. Oifigeach an Phríomhoifigh Leighis

Is é misean Oifig an POL seirbhís leighis cheirde éifeachtúil agus costaséifeachtach a sholáthar, chomh maith le comhairle bheartais ar nithe a bhaineann le sláinte ghairme don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Feidhmíonn Roinn Sláinte Cheirde na Státseirbhíse (RSGS) laistigh d'oifig an POL, agus cuireann siad na seirbhísí seo ar fáil. Baineann Sláinte Cheirde le conas a imríonn sláinte oibríthe tionchar ar a gcumas a bpost a dhéanamh, agus conas is féidir leis an obair agus le timpeallacht na hoibre tionchar a imirt ar shláinte oibrí.

Tá seirbhís sláinte cheirde agus ionchur beartais ar fáil don Státseirbhís, in 55 oifig agus roinn rialtais agus 14 phríosún ar fud na tíre. Cuisíonn sé seo státseirbhísí, oifigigh phríosúin, fostaithe tionsclaíocha stáit agus fostaithe tionsclaíocha na bhfórsaí cosanta, 38,000 san iomlán. Cuirtear seirbhísí sláinte cheirde ar fáil freisin d'eagraíochtaí roghnaithe neamhthráchtála leathstáit. Chomh maith leis sin, tugtar comhairle leighis réamhfhostaíochta don tSeirbhís Ceapachán Poiblí maidir le poist san FSS agus in údaráis áitiúla.

Bliain ghnóthach a bhí in 2013, inar phléigh an oifig le timpeall 10,000 eachtra cliaint, lena n-áirítear bainistiú cásanna, imdhíonadh, clogghram agus scagthástáil sláinte. Ba iad na cúiseanna ba mhó le asláithreacht fadtéarma in 2013 neamhord matánchnámharlaigh, meabhairshláinte agus riochtaí éagsúla sláinte fisiceacha ainsealacha. Léiríonn sé seo leitheadúlacht rd na riochtaí seo i bpobal na hÉireann, chomh maith le próifíl phobal na Státseirbhíse atá ag dul in aois.

Tá an POS páirteach go gníomhach ag cuidiú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an líonra na n-oifigeach pearsanra agus an Ghníomhaireacht Éileamh Stáit le saincheisteanna éagsúla. Le 2 bhliain anuas tá méid suntasach oibre lena mbaineann cabhair le socruithe nua saoire bhreuiteachta na seirbhíse poiblí a thabhairt isteach, a tháinig i bhfeidhm ar an 31 Márta 2014 i mbliana.

Léiríonn na socruithe nua seirbhíse poiblí seo an bhainistíocht chúil ar neamhláithreachtaí saoire bhreuiteachta, tugann siad sonraí maidir le tréimhsí nua ama le haghaidh saoire bhreuiteachta le pá agus déanann siad foráil le haghaidh pá breuiteachta sínte d'fhostaithe a bhfuil tinneas géarchéimneach orthu. Tá cabhair gníomhach tugtha ag an POS don RCPA leis na hathruithe seo a thabhairt isteach sa státseirbís agus sa tseirbhís phoiblí araon, lena n-áirítear próiseas na Cúirte Oibreachais / Coimisiún Caidreamh Oibreachais. Tá athbhreithniú bliana le déanamh ar na socruithe nua seo ó Mhárta 2015 ar aghaidh.

Tá suíomh gréasáin úr forbartha ag Oifig an POS. Cuireann sé sin síos ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil, cuireann sé na baill foirne sláinte i láthair, chomh maith le liosta de cheisteanna coitianta. Is féidir breathnú ar an suíomh ar [www.cmo.gov.ie](http://www.cmo.gov.ie).